

2022

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



comhairle chontae na mí
meath county council

Clár na nÁbhar

Brollach leis an gCathaoirleach, An Comhairleoir Nick Killian	1
Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach, Jackie Maguire	2
2022 – Imeachtaí Corparáideacha & Cathartha	3
Gnóthaí Corparáideacha & Rialachas	9
Tithíocht	21
Pleanáil & Bainistíocht Forbartha	27
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	31
Comhshaol	38
Pobal.....	50
Éire Aoisbhách.....	55
Seirbhísí Leabharlainne	60
Oifig na nEalaíon	63
OFÁ & Forbairt Eacnamaíoch.....	68
Seirbhísí Uisce	74
Airgeadas.....	76
Acmhainní Daonna.....	78
Córais Faisnéise	81
Aguisín 1 – Baill Tofa 2022	85
Aguisín 2 - Baill an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) `	86
Aguisín 3 - Gníomhaíochtaí an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC)	88
Aguisín 4 – Coistí Eile de chuid na Comhairle	89
Aguisín 5 – Íocaíochtaí le Baill Chomhairle Contae na Mí	94
Aguisín 6 – Comhdhálacha Thar Lear.....	95
Aguisín 7 – Comhdhálacha/Oiliúint sa Bhaile	96
Aguisín 8 – Cruinnithe na Comhairle 2022	102
Aguisín 9 – Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022	103
Aguisín 10 – Ráiteas Bliantúil Fuinnimh 2022.....	104
Aguisín 11 – Táscairí Feidhmíochta NOAC 2021.....	109

Ullmhaíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo de réir Alt 221 den Acht Rialtais Áitiúil agus ghlac comhaltaí Chomhairle Contae na Mí léi i mí an Mheithimh 2023.

Réamhrá leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir Nick Killian

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, cuirtear ar taispeáint an raon leathan seirbhísí a chuireann Comhairle Contae na Mí ar fáil, ina bhfuil ní amháin na croíseirbhísí tithíochta, bóithre, dóiteáin agus éigeandála ach freisin ár dtacaíochtaí do phobail áitiúla i réimsí na n-ealaíon, na leabharlann, na hoidhreachta, an chaomhnaithe, na forbartha eacnamaíche agus aoisbháúla. Ba mhór an onóir dom mar Chathaoirleach mo chomhghleacaithe na Comhaltaí Tofa a threorú agus muid ag obair le chéile le Bainistíocht agus Foireann na Comhairle chun feabhsú eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil ár gcontae a thiomáint chun cur le cáilíocht na beatha do mhuintir na Mí.

Bliain ghnóthach a bhí ann don Chomhairle nuair a tháinig deireadh leis na srianta Covid ar deireadh agus tharla go leor buaicphointí, ina measc iompú an fhód ar fhoirgneamh nua úrscothach an phobail i mBaile an Bhiataigh, atá maoinithe go hiomlán le hAcmhainní Chomhairle Contae na Mí. Bliain an-rathúil a bhí ann freisin do Bhaile Átha Troim, ní hamháin gur óstaigh siad Féile iontach an Phúca, ach ainmníodh iad chomh maith mar an Baile is Slachtmhaire in Éirinn, arb éacht iontach do gach duine a bhí páirteach ann, lena n-áirítear grúpaí pobail, an t-údarás áitiúil agus an pobal gnó.

Cé gur tharla go leor buaicphointí, tháinig dúshlán shuntasacha freisin agus ba mhaith liom ómós a thabhairt do Rannóg Tacaíochta na hÚcráine den Chomhairle agus d'Fhóram Freagartha an Chomhphobail a oibríonn go dian dícheallach chun cúnaimh agus tacaíocht a sholáthar do mhuintir na hÚcráine, ní hamháin, chun cuidiú leo imeascadh sa phobal, ach freisin chun cuidiú leo rannchuidiú ar bhealach bríoch lena bpobal nua.

Ina theannta sin, ba mhór an onóir dom ceiliúradh a dhéanamh le muintir na Mí agus muid ag cur fáilte abhaile roimh ár laochra buaiteacha, Seaimpíní Peile Sinsear Mhná na Mí, don dara bliain as a chéile.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis na Baill Tofa agus le foireann Chomhairle Contae na Mí agus a dtiomantas agus a ndíogras a mholadh agus muid ag obair le chéile ar mhaithe lenár gcontae agus le muintir na Mí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom ómós a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach atá ag dul as oifig, Jackie Maguire, as a 42 bliain sa tseirbhís phoiblí agus as a sár-cheannaireacht ar Chomhairle Contae na Mí le 10 mbliana anuas.



**An
Comhairleoir
Nick Killian
Cathaoirleach**

Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach, Jackie Maguire

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2022 a chur i láthair, ina leagtar amach éachtaí agus gníomhaíochtaí na Comhairle i rith na bliana agus ina leagtar béim ar an méid is féidir a bhaint amach nuair a oibríonn pobail áitiúla, gnólachtaí agus an t-údarás áitiúil le chéile.

Bhí go leor dúshlán fós romhain le linn na bliana agus muid ag teacht slán ó shrianta an choróinvíris, gan ach bheith sáite isteach i neamhchinnteacht gheopholaitiúil agus eacnamaíoch i ndiaidh thús an chogaidh san Úcráin. Mar sin féin, arís eile, léirigh an Chomhairle a cumas oiriúnú agus freagairt nuair ba ghá agus cuireadh tacaíochtaí ar bun go han-tapa chun freastal ar mhuintir na hÚcráine, chun fáilte a chur rompu agus chun tacú leo inár bpobail agus leantar den obair sin trí Rannóg Tacaíochta na hÚcráine den Chomhairle agus trí Fhóram Freagartha Pobail.

Lean an Chomhairle ar aghaidh le tithíocht shóisialta a chur ar fáil in 2022 mar thosaíocht. Rinneadh infheistíocht shuntasach de

€3.3 milliún do thionscadal tógála díri, a sholáthróidh 75 teach nua i gCill Dhéagláin agus fuarthas 122 teach nua in 2022 faoi Chuid V. Soláthraíodh tithíocht shóisialta do 491 duine aonair agus teaghlach i rith na bliana ó réimse leathan sásraí seachadta lena n-áirítear comhoibriú le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Cuid V, éadálacha foirgneamh lándéanta agus scéimeanna tógála díri.

Lean Comhairle Contae na Mí le cur chun feidhme ár Straitéise um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 – 2024 a chur chun cinn trí ghníomhartha oiriúnaithe agus maolaithe aeráide a threorú, a spreagadh agus a chumasú laistigh de Chontae na Mí. Baineadh amach an rath leanúnach dár gclár um ghníomhú ar son na haeráide trí rannpháirtíocht le Fóram um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na Comhairle, Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus comhlachtaí éagsúla ar leibhéal an phobail agus ar an leibhéal náisiúnta.

Rinneadh infheistíocht de €13.1 milliún i Scéimeanna Iompair Ghníomhaigh agus Inbhuanaithe in 2022, lena n-áirítear oibreacha tógála na hUaimhe 2030 – Céim 2 agus soláthar dhá shaoráid Páirceála & Taistil san Uaimh agus ag Crois Ghearla. Cuirim fáilte roimh an ngealltanas a tugadh sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath do sholáthar an iarnróid ó Bhaile Átha Cliath chuig an Uaimh agus an deimhniú go mbeidh foireann deartha i bhfeidhm níos déanaí i mbliana.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun ómós a thabhairt do thiomantas agus do dhíogras na gComhaltaí Tofa le bliain anuas, go háirithe Cathaoirleach gach ceann de na Ceantair Bhardasacha agus Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, an Comhairleoir Nick Killian. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le bainistíocht agus foireann na Comhairle as na hiarrachtaí a rinne siad gan stad i soláthar seirbhísí riachtanacha do mhuintir na Mí.

Mar fhocal scoir, ba mhór an phribhléid dom fónamh mar Phríomhfheidhmeannach na Comhairle le deich mbliana anuas agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa, le bainistíocht agus le foireann na Comhairle as a gcúnamh, a dtacaíocht agus a dtreoir thar na blianta agus níl aon amhras orm ach go leanfaidh Contae na Mí de bheith ina áit agus ina spás le bheith faoi bhláth.



Jackie Maguire
Príomhfheidh
meannach

2022 – Imeachtaí Corparáideacha agus Cathartha

AGM 2022



Cathaoirleach nuathofa, an Comhairleoir Nick Killian and Leas-Chatthaoirleach, an Comhairleoir Mike Bray ag an gCruinniú Cinn Bliana a réchtáladh san Ionad Ealaíon Solstice an 13 Meitheamh 2022.

Cácas Mhná na Mí



Ar an lá roimh Lá Idirnáisiúnta na mBan, sheol Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, an Comhairleoir Sean Drew Cácas Mhná na Mí san Ionad Ealaíon 'Solstice'. Bunaíodh Cácas Mhná na Mí chun mná a chur chun cinn sa pholaitíocht agus chun rannpháirtíocht na mban sa Rialtas Áitiúil a fheabhsú.

Iompú na bhFód ar Chéim 2, Faiche Loch Gabhar, Dún Seachlainn



Searmanas iompú na bhfód faoi stiúir an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, le tacaíocht ó Chathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, an Comhairleoir Sean Drew, Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Thomas Byrne TD agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, Des Foley chun tús Chéim 2 de na hoibreacha a cheiliúradh i bhFaiche Loch Gabhar, Dún Seachlainn.

Ócáid na Mí a réachtáladh chun buíochas a ghabháil le hoibrithe deonacha as a gcuid oibre le linn na paindéime COVID-19



D'óstáil Comhairle Contae na Mí imeacht i dTeach Buvinda chun aitheantas a thabhairt don rannchuidiú ollmhór a thug oibrithe deonacha na Mí le linn na paindéime COVID-19 agus chun buíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre agus tacaíochta luachmhaire le linn tréimhse an-deacra.

Seoladh oifigiúil de Ghormbhealach na Bóinne, Baile Átha Troim



Sheol an Leas-Cathaoirleach, an Comhairleoir Mike Bray, go hoifigiúil Gormbhealach na Bóinne, Baile Átha Troim tar éis dó creidiúnú a bhaint amach mar Ghormbhealach. Leis seo, comóradh an oscailt de stráice uisce de 8km ó Bhaile Átha Troim chuig Muileann Bheighí le haghaidh gníomhaíochtaí uisce, atá oiriúnach do chéaslóirí ar leibhéal tosaitheora agus idirmheánach.

Seoladh oifigiúil den Porchfield, Baile Átha Troim



Sheol Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, an Comhairleoir Seán Drew 'The Porchfield', Baile Átha Troim go hoifigiúil. Ba é tionscadal na Mí an chéad tionscadal 'Scéim Infheistíochta Caipitil Baile Ceann Scríbe' de chuid Fáilte Éireann sa tír a tugadh i gcrích agus a seoladh.

Bhí Comhairle Contae na Mí ina hóstach ar an bhfillleadh abhaile do na Seaimpíní Sinsearacha Chluiche Ceannais na hÉireann



Bhí an-áthas ar Chomhairle Contae na Mí, i gcomhar le Cumann Peil Ghaelach Mhná na Mí, Teach Abhaile a óstáil d'fhoireann bhuaiteach Mhná Shinsear na Mí agus don bhainistiócht ag Carrchlós Fairgreen, An Uaimh ar an Luan, an 1 Lúnasa.

Osclóidh an tAire Tithíochta, Darragh O'Brien 62 teach sóisialta nua ar fud na Mí



D'oscail an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an tAire Darragh O'Brien, 62 teach sóisialta nua san iomlán, thar thrí fhorbairt tithíochta éagsúla i gCo. na Mí.

Iompú na bhFód do Leabharlann nua den scoth i mBaile an Bhiataigh



Reáchtáladh searmanas um iompú na bhfód chun tús na n-oibreacha ar Leabharlann Bhaile an Bhiataigh a chomóradh faoi cheannas Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, an Comhairleoir Nick Killian, Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Thomas Byrne T.D., Cathaoirleach CB na hInse/Baile an Bhiataigh, an Comhairleoir Wayne Harding agus an Príomhfheidhmeannach, Jackie Maguire.

Comhairle Contae na Mí chun Seimineár Oiliúna an Fhómhair de chuid AILG a óstáil



Thug Comhairle Contae na Mí tacaíocht do Chumann Rialtas Áitiúil na hÉireann a Seimineár Oiliúna san Fhómhair a óstáil in Óstán Knightsbrook, Baile Átha Troim i mí Mheán Fómhair.

D'óstáil Comhairle Contae na Mí Thaispeántas Fuinnimh na Mí



Sheol an Cathaoirleach Chomhairle Contae Mí, an Comhairleoir Nick Killian Taispeántas Fuinnimh na Mí a bhí ar siúl Dé Sathairn, 22 Deireadh Fómhair in Óstán Ardboyne, an Uaimh. Tháinig go leor comhairleoirí fuinnimh le chéile don imeacht saor in aisce chun faisnéis agus comhairle phraiticiúil a sholáthar don lucht freastail. Ó Chlé go Deas – Sa phictiúr ag seoladh de Thaispeántas Fuinnimh na Mí bhí Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, an Comhairleoir, Nick Killian leis an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Larry Whelan, an Príomhfheidhmeannach Jackie Maguire, Comhordaitheoir Gníomhaíochta Aeráide na Mí Mary D’Arcy agus an Stiúrthóir Seirbhísí Dara McGowan.

Fuair Clós Súgartha Dhún Búinne agus Páirc Scátála cómhaoiniú de bhreis ar €400k



Chuaigh Meta i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae na Mí agus Fóram Spáis Súgartha Dhún Búinne chun maoiniú agus tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt Clós Súgartha Dhún Búinne agus Páirc Scátála. Sa phictiúr ó Chlé go Deas: Deirdre O’Carroll (Fóram Spás Súgartha Dhún Búinne), An Comhairleoir Gerry O’Connor, An Comhairleoir Maria Murphy, Cathaoirleach de CB Ráth Tó, an Comhairleoir Gillian Toole, Stiúrthóir Seirbhísí Dara McGowan, Cathaoirleach an Comhairleoir Nick Killian, Diana Ross (Fóram Spás Súgartha Dhún Búinne), Bainisteoir Forbartha Pobail ag Meta Aoife Flynn, Leas-Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Mí Barry Lynch, Fiona Fallon, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin Chomhairle Chontae na Mí) agus an Comhairleoir Damien O’Reilly.

Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas

Oibríonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachais laistigh de chreat prionsabail dhaonlathacha agus eitice, ag soláthar seirbhísí do Chomhaltaí Tofa, ag bainistiú cruinnithe agus ag ullmhú Chlár na dTogthóirí. Éascaíonn an Rannóg freisin seachadadh seirbhísí don phobal, trínár bhfoireann seirbhísí custaiméara, trí áiseanna corparáideacha, nósanna imeachta sábháilteachta agus sláinte a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt do chleachtais rialachais chorparáidigh éifeachtacha. Bainistiú sí freisin cumarsáid agus caidreamh leis na meáin, imeachtaí corparáideacha, nascadh agus caidreamh le roinnt comhlachtaí ábhartha.

1.1 Plean Seachadta Seirbhíse 2022

Ghlac Comhairle Chontae na Mí le Plean Seachadta Seirbhíse 2022 i bhFeabhra 2022. Leagtar amach sa phlean seirbhíse na príomhsheirbhísí a raibh sé beartaithe ag an gComhairle a sholáthar don phobal sa tréimhse suas go dtí deireadh 2022. In éineacht leis na príomhsheirbhísí seo, leagadh amach sa phlean Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh, an maoiniú seirbhíse, cuspóirí seirbhíse, caighdeáin feidhmíochta agus spriocamanna do sheachadadh na seirbhísí seo. Aithnítear freisin na rioscaí a bhaineann le seachadadh na bpríomhsheirbhísí agus leagtar amach ann cibé an bhfuil siad seo gafa i bpróiseas bainistíochta riosca na Comhairle. Tá sé i gceist le Tuarascáil Bhliantúil 2022 measúnú ar sheachadadh seirbhísí a sholáthar mar atá leagtha amach sa phlean seachadta seirbhíse do 2022.

Bunaíodh NOAC faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 chun maoirseacht neamhspleách a sholáthar ar Earnáil an Rialtais Áitiúil. I measc na bhfeidhmeanna reachtúla a shanntar do NOAC tá grinnscrúdú ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil i gcoinne táscairí ábhartha. Tá 42 táscaire ar leith ann faoi láthair lena gcumhdaítear 11 réimse a measann an Coimisiún gur cuí athbhreithniú a dhéanamh orthu. D'fhoilsigh NOAC an Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2021 i mí na Samhna 2022, agus tá achoimre ar fheidhmíocht na Comhairle in Aguisín 12.

1.2 Riarachán Cruinnithe

D'fhonn inrochtaineacht do Chomhaltaí Tofa agus do bhaill an phobail a éascú agus a fheabhsú, réachtáiltear cruinnithe uile na Comhairle anois i bhformáid hibrideach, go pearsanta agus trí ardán ar líne Zoom.

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil in Amharclann 'Solstice' an 13 Meitheamh 2022. Toghadh an Comhairleoir Nick Killian mar Chathaoirleach agus an Comhairleoir Mike Bray mar Leas-Chathaoirleach.

Reáchtáladh Cruinniú Bliantúil an Bhuiséid an 28 Samhain 2022, agus glacadh le buiséad ioncain na Comhairle do 2022 arbh fhiú €186,349,110 é.

Cruinnithe an Comhairle 2022	Líon na gcruinnithe
Gnáthchruinnithe (míosúla)	10
Cruinnithe Bliantúla agus Buiséid	3
Cruinnithe Speisialta	1
Iomlán	14

Cruinnithe CB:

Ceantar Bardasach 2021	Líon na nGnáthchruinnithe	Líon na gCruinnithe Speisialta	Líon na gCruinnithe Bliantúla & Buiséid	Iomlán
Cill Dhéagláin	11	-	2	13
Ceanannas	11	-	2	13
An Inse - Baile an Bhiataigh	11	-	2	13
An Uaimh	11	-	2	13
Ráth Tó	11	2	2	15
Baile Átha Troim	11	-	2	13
IOMLÁN	66	2	12	80

1.3 Scéim Leithdháilte Ceantair Bhardasaigh

In 2022, próiseáladh 600 iarratas san iomlán, arbh fhiú €604,377 san iomlán iad. Léirigh sé seo leithdháiltí de €58,902 i dtreo 23 tionscadal inmheánach agus €545,475 a théann chun sochair 422 grúpa ar fud an chontae, a dhéanann ionadaíocht ar raon leathan earnálacha, lena n-áirítear grúpaí pobail, spóirt agus oidhreacht, cumainn áitritheoirí agus seirbhísí tacaíochta. Cuireadh €36,055 eile siar i dtreo tionscadal in 2023 agus cuireadh €15,000 ar ais chuig an gceantar bardasach ábhartha lena leithdháileadh.

1.4 Clár na dTogthóirí

Bainistíonn an Roinn Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachais an próiseas leanúnach maidir le bailiú faisnéise, rialú cáilíochta, foilsíú agus dáileadh Chlár na dTogthóirí. Foilsíodh Clár na dTogthóirí i mí Feabhra 2022. Níor tharla aon imeacht toghcháin ann in 2022. Leagtar amach sa méid seo a leanas na catagóirí éagsúla toghthóirí sa chontae:

Togthóirí na Dála	142,948
Togthóirí Uachtaráin	141,448
Togthóirí Eorpacha	143,174
Togthóirí Áitiúla	147,394
Vótálaithe Poist & Vótálaithe Speisialta	790

Seo a leanas miondealú ar na Togthóirí Áitiúla i ngach Toghcheantar Áitiúil:

Cill Dhéagláin	21,059
Ceanannas	25,917
An Inse-Baile an Bhiataigh	25,621
An Uaimh	22,946
Ráth Tó	26,176
Baile Átha Troim	25,675

Leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, tugadh isteach raon leasuithe suntasacha toghcháin chun nuachóiriú an phróisis clárúcháin toghcháin a éascú. Áirítear leis na príomh-athchóirithe an t-aistriú chuig clárúchán rollach nó clárúchán leanúnach agus an próiseas clárúcháin a chaighdeánú agus a shimpliú. Tugadh isteach leis na catagóirí nua toghthóirí seo a leanas: Togthóirí gan Ainm, Gan Áit Chónaithe Seasta, agus Togthóirí ar Feitheamh. Leathnaíodh na háiseanna vótála solúbtha reatha chuig toghthóirí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, bunaíodh coimisiún toghcháin neamhspleách – An Coimisiún Toghcháin.

1.5 Eitic

Tá ról an Chláraitheora Eitice leagtha amach i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus tá sé á bhainistiú ag Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas. Leagtar amach sa mhéid seo a leanas gníomhaíochtaí an Chláraitheora Eitice in 2022:

Sárúithe Féideartha Cuid 15 curtha in iúl	6
Gearáin a cuireadh faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus/nó an Chathaoirligh	1
Imscrúduithe a cuireadh i gcrích	1
Cásanna do ghníomh araíonachta/tarchurtha chuig comhlachtaí seachtracha cuí	0

Ceanglaítear ar gach ball tofa agus ball foirne ag gráid áirithe Dearbhú Bliantúil leasanna a dhéanamh don Chláraitheoir Eitice, a choinníonn clár leasanna den sórt sin.

1.6 Saoráil Faisnéise

Tá Comhairle Contae na Mí mar chomhlacht poiblí faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, lena gceadaítear rochtain ar thaifid áirithe atá i seilbh an údaráis áitiúil, faoi réir roinnt díolúintí.

In 2022, fuair Comhairle Contae na Mí 177 iarratas um Shaoráil Faisnéise, 140 acu ar thaifid neamhphearsanta agus 37 acu ar thaifid phearsanta, agus san áireamh bhí 29 iarratas ó iriseoirí, 63 ó ghrúpaí gnó/leasa, agus 3 ó Chomhaltaí Oireachtais/ionadaithe poiblí.

Seo a leanas staidrimh 2022 a bhaineann le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise:

Iarratais a Fuarthas 2022	177
Tugtha ar aghaidh ó 2021	3
Iomlán	180
Líon na n-iarratas a Deonaíodh	53
Líon na n-iarratas a Deonaíodh i bPáirt	47
Líon na n-iarratas a Diúltaíodh	44
Iarratais a Aistríodh	00
Iarratais a nDearnadh a Tharraingt Siar	14
Iarratais ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	18
Líon na gCásanna Beo ag deireadh 2022	04
Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha	11
Líon na nAchomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	05

1.7 Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Seo a leanas na staidreamh 2022 a bhaineann le hiarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol:

Iarratais a Fuarthas 2022	31
Tugtha ar aghaidh ó 2021	02
Iomlán	33
Líon na n-iarratas a Deonaíodh Líon na n-iarratas a Deonaíodh i bPáirt	10 12
Líon na n-iarratas a Diúltaíodh	09
Iarratais a Aistríodh	00
Iarratais a Tarraingíodh siar & a láimhseáltar faoi Shaoráil Faisnéise a Mheasfar bheith Diúltaithe	01 00
Líon na gCásanna Beo ag deireadh 2022	01
Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha	04
Líon na nAchomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	01

1.8 Cosaint Sonraí

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Aonaid um Chosaint Sonraí/Oifigeach Cosanta Sonraí faoin RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 an phróiseáil ar iarratais ar rochtain ábhar sonraí (DSAR), imscrúduithe ar shárú sonraí agus fógra a thabhairt don Choimisiún um Chosaint Sonraí (DPC), athbhreithniú ar thaifead na ranna gníomhaíochtaí próiseála (ROPA) agus chun tacú le ranna measúnuithe tionchair príobháideachta sonraí (DPIA) a dhéanamh.

In 2022, dhéileáil an tAonad leis na nithe seo a leanas:

Iarratais Ábhar Sonraí - DSAR	23
Fógraí um Shárú Sonraí tuairiscithe chuig DPU	20
Fógraí um Shárú Sonraí tuairiscithe chuig an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí	3
Athbhreithniú ar Mheasúnuithe Tionchair Príobháideachta Sonraí (DPIA)	8
Líon Iomlán ROPA	411
Athbhreithniú ar Thaifead Gníomhaíochtaí Próiseála na Roinne (ROPA)	38

Cuireadh oiliúint athnuachana ar chosaint sonraí ar fáil don fhoireann in 2022. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint ar fáil do gach ball foirne nua a tháinig isteach sa Chomhairle i rith na bliana.

Lean an DPU le feachtas cumarsáide inmheánaí agus le rannpháirtíocht le hoifigigh idirchaidrimh um chosaint sonraí (OPLOanna) ar fud na heagraíochta chun feachtas na foirne a fheabhsú ar oibleagáidí agus freagrachtaí na Comhairle maidir leis an gcaoi a mbailimid, a n-úsáidimid, agus a gcosnaímid sonraí pearsanta, agus conas atáimid freagrach as ár ngníomhaíochtaí próiseála sonraí go léir.

Imscrúduithe Fianán:

San Aibreán 2022 rinne an CCS imscrúdú ar chomhlíonadh ‘Fianáin’ na Comhairle ar shuíomh gréasáin meath.ie. Tar éis a n-imscrúduithe agus a ngníomhartha a rinne an Chomhairle, dheimhnigh an CCS go raibh na gníomhartha a leagadh amach ina bhfógra bunaidh curtha i gcrích go sásúil ag an gComhairle, agus meastar anois go bhfuilimid comhlíontach maidir le ‘Fianáin’.

1.9 Seirbhís do Chustaiméirí

Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta don tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár gcustaiméirí mar atá leagtha amach inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí. Déanaimid ár ndícheall sármhaitheas a bhaint amach inár múnla seirbhíse do chustaiméirí agus déanfaimid ár ndícheall seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar de réir na gcaighdeán is airde éifeachtúlachta agus ionracais.

Le linn 2022 lean an Fhoireann um Sheirbhís do Chustaiméirí ag freastal ar ár gcomhaltaí tofa, ár gcustaiméirí agus ár bhfoireann. Mar an chéad phointe teagmhála leis an eagraíocht, logáil an fhoireann 38,500 iarratas ar ár gCóras Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí, ar méadú é de 14,000 teagmháil ó 2021. Fuarthas 5,200 ionadaíocht ónár mBall Tofa agus réitíodh 4900 acu. Déileáladh le 13,000 ríomhphost san iomlán a fuarthas trí bhosca poist na seirbhíse do chustaiméirí.

Dhéileáil ionad teagmhála na Comhairle le 114,706 glaoch san iomlán in 2022. Dhéileáil an Fhoireann Seirbhíse do Chustaiméirí go díreach le 70,161 de na glaonna seo, agus dhéileáil ranna seirbhíse eile le 44,545 eile.

Le linn 2022, thug thart ar 15,000 custaiméir cuairt ar ár ndeasc seirbhíse custaiméara.

D'fhonn ár seirbhís dár gcustaiméirí a fheabhsú, cuireadh tús le huasghrádú ar an gCóras Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí (CRM) in 2022 agus rolladh amach an córas uasghrádaithe sa chéad ráithe, 2023.

1.10 Cur Chun Cinn na Gaeilge

Déanann an tOifigeach Gaeilge monatóireacht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle trí Ghaeilge; an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an chontae agus a chinntiú go gcomhlíonann Comhairle Contae na Mí dualgais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus gach ionstraim reachtúil a dhéantar faoin Acht. Baineadh na gníomhaíochtaí seo a leanas amach in 2022:-

- Imeachtaí agus gníomhaíochtaí: - cuireadh tús le Preab-Ghaeltacht rialta do theaghlaigh a thógann a bpáistí trí mheán na Gaeilge, a bhí ar siúl ar maidin Dé Sathairn in Amharclann na hUaimhe 'Solstice'. Bhí cluichí boird, puzail agus leabhair i nGaeilge ar fáil ag na himeachtaí seo
- **Seachtain na Gaeilge** -Eagraíodh raon leathan imeachtaí don phobal mar chuid d'imeachtaí Gaeilge mhí an Mhárta agus ina measc bhí comórtas léirmheas leabhar dírithe ar Ghaelscoileanna an chontae agus eagraíodh iad i gcomhar leis an Oifigeach Pleanála Teanga do cheantair Ráth Chairn/Baile Ghib Gaeltacht districts - eagraíodh seisiún scileanna sorcais trí Ghaeilge do Scoil Ultain Naofa, Baile Ghib, reáchtáladh séasúr scannán Gaeilge a taispeánadh in Amharclann na hUaimhe 'Solstice' le linn Seachtain na Gaeilge, taispeánadh an chéad scannán *Arracht* an 11 Márta leis na scannáin *Foscadh* and *Doineann* ina dhiaidh sin – i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, BOOLM, d'eagraigh Oifig na Gaeilge imeacht d'fhoghlaimoirí aosaigh atá ina gcónaí in áis Mhaigh Muirí. Thug an scéalaí Niall De Búrca cuairt ar Mhaigh Muirí le hócáid a reáchtáil ar chultúr na hÉireann agus scéalta traidisiúnta agus chun cúpla focal a mhúineadh do na cónaitheoirí. Bhí seisiún ceoil thraidisiúnta le Comhaltas ar siúl freisin do na cónaitheoirí.
- **Máire Mhac an tSaoi Comórtas Filíochta Gaeilge**:- seoladh comórtas filíochta Gaeilge do dhaoine fásta atá maoinithe faoin gclár Éire Ildánach in ómós don fhile Máire Mhac an tSaoi. Cuireadh cúigear filí ar an ngearrliosta agus cuireadh máistir-rang leis an bhfile aitheanta Louis de Paor ar fáil dóibh, agus mar thoradh air seo foilsíodh saothar na bhfilí rannpháirteacha i mí na Samhna faoin teideal *Lampa ar Lasadh*

PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA/ GAEILGE SAN UAIMH - ag tús mhí na Samhna, d’eagraigh Oifigeach Gaeilge Chomhairle Contae na Mí oíche eolais i Leabharlann na hUaimhe maidir leis an bpróiseas pleanála teanga san Uaimh; agus daoine áitiúla ón gceantar a spreagadh le bheith páirteach sa phróiseas. Bhí ionadaithe ó Ghlór na nGael agus ó Fhoras na Gaeilge i láthair chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt chun coiste a bhunú leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar. Bhí ochtar ón bpobal áitiúil i láthair agus i measc na n-ábhar a pléadh bhí eagrú imeachtaí agus ranganna Gaeilge sa cheantar.

An Seó Arán & Im: An 29 Meán Fómhair, thug an Scríbhneoir Cónaithe le Comhairle Contae na Mí, Manchán Magan, cuairt ar Chnóbha i mBrú na Bóinne agus chuir sé a sheó Arán & Im i láthair.. Bhí an seó seo dírithe ar fhoireann Gaelscoileanna an cheantair.

I mí Dheireadh Fómhair mar chuid d’Fhéile Leabhar na bPáistí thug an Scríbhneoir Cónaithe Manchán Magan cuairt ar an Amharclann ‘Solstice’ san Uaimh le cur i láthair a dhéanamh ar a leabhar Tree Dogs, Banshee Fingers and Other Irish Words for Nature. Bhí an seó seo dírithe ar pháistí a fhreastalaíonn ar gach scoil Ghaeilge sa Chontae. D’eagraigh an tOifigeach Gaeilge é i gcomhar leis an tseirbhís leabharlainne. D’fhreastail 253 dalta ar an ócáid agus ghlac siad go maith léi.

Cosaint na Gaeltachta – tá an Chomhairle fós tiomanta do chosaint agus forbairt cheantar Gaeltachta Ráth Chairn agus Bhaile Ghib. Tá comhoibriú ar siúl i gcónaí leis an Oifigeach Pleanála Gaeilge do Ráth Chairn agus do Bhaile Ghib ionas gur féidir déileáil le ceisteanna a bhaineann le seirbhísí, comharthaíocht agus imeachtaí.

Oifig an Choimisinéara Teanga – lean an Chomhairle ar aghaidh ag comhoibriú le hOifig n Choimisinéara Teangaa (Oifig an Choimisinéara Teanga) chun ceisteanna a d’ardaigh baill den phobal maidir le comharthaíocht, foilseacháin, comhfhreagras, srl. a réiteach. In 2022, rinneadh cúig ghearán san iomlán maidir le comharthaíocht i nGaeilge a thuairisciú don chomhairle ó oifig an Choimisinéara sa chontae, réitíodh dhá cheann acu go sásúil, tá an trí cinn eile fós ar siúl.

1.11 Rialachas agus Bainistiú Riosca

Comhordaíonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachais beartais agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh na Comhairle. In 2022, tháinig an Coiste Riosca le chéile trí huair chun cur chun feidhme Bheartas Bainistíochta Riosca na Comhairle a mheas agus, go sonrach, moltaí an Choiste Iniúcháireachta. Rinne an coiste athbhreithniú freisin ar na cláir riosca corparáidí agus rannacha agus rinne moltaí don Fhoireann Bainistíochta maidir le leasuithe ar an dréacht-Chlár Riosca Chorparáidigh chomh maith le dréachtchlár riosca ranna aonair.

1.12 Coiste Iniúcháireachta

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúcháireachta maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchta mar chuid d’athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus ar shocruithe rialachais an údaráis áitiúil.

Tá an Coiste Iniúcháireachta comhdhéanta de 5 chomhalta, 3 chomhalta sheachtracha agus 2 ionadaí tofa. Is í an bhallraíocht reatha ná:

- 1 An tUasal Tom McGuinness (Cathaoirleach)
- 2 An tUasal Geraldine Tallon
- 3 An tUasal Kate Williams
- 4 An Comhairleoir Sean Drew
- 5 An Comhairleoir Gerry O'Connor

I rith 2022, lean an Coiste Iniúcháireachta ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir lena fhreagracht a chomhlíonadh maidir le dearbhú neamhspleách a sholáthar ar thimpeallacht rialaithe agus creat rialachais na Comhairle. Lean sé ag díriú ar bhainistíocht airgeadais agus ar bhainistíocht riosca, lena n-áirítear ullmhacht cibearshlándála.

De réir na reachtaíochta agus na rialachán reachtúil, chuir an Chomhairle Tuarascáil Bhliantúil 2022 an Choiste Iniúcháireachta agus Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta ar an AFS Iniúchta 2021 i láthair agus d'fhaomh sí iad ag a cruinniú míosúil i mí Aibreáin 2022. Tá an Coiste Iniúcháireachta sásta gur comhlíonadh na oibleagáidí reachtúla agus rialála agus gur comhlíonadh na cuspóirí ina Chlár Oibre do 2022.

1.13 Iniúcháireacht Inmheánach

Is é príomhról na hIniúcháireachta Inmheánaí ná comhairle a chur ar an mbainistíocht ar leorgacht chórais rialaithe inmheánaigh na Comhairle agus moltaí a sholáthar le haghaidh feabhsúcháin nuair is gá. Cuidíonn sé freisin leis an gCoiste Iniúchta a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus cuireann sé cúnamh agus faisnéis ar fáil don Iniúcháir Rialtais Áitiúil de réir mar is gá.

I rith 2022, lean an tAonad Iniúchta Inmheánaigh ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag déanamh meastóireachta ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais de réir Chlár Oibre an Iniúchta Inmheánaigh.

Choinnigh an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí bunachar sonraí rianaithe de na moltaí go léir a eisíodh i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh. De réir na Cairte Iniúcháireachta Inmheánaí, rinneadh athbhreithniú ar chur chun feidhme na moltaí seo agus tuairiscíodh iad don fhoireann bhainistíochta agus don Choiste Iniúcháireachta i rith na bliana.

Sa tréimhse 2022, críochnaíodh trí thuarascáil iniúcháireachta inmheánaí ar ghníomhaíochtaí na comhairle. Is iad seo a leanas na hathbhreithnithe iniúcháireachta inmheánaí a rinneadh:

- Bainistiú de Thithe Folmha
- Bainistiú d'Íasachtaí Tithíochta
- Cártaí Ceannaigh ar Luach Íseal

Rinne an fhoireann Iniúchta Inmheánaigh obair leantach freisin ar aon mhíreanna gan réiteach ó iniúchtaí roimhe seo.

1.14 Clár tacaíochta do mhuintir na hÚcráine

Ar an 4 Márta 2022, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh bearta cosanta sealadacha a thabhairt isteach dóibh siúd a bhí ag teitheadh ón gcoinbhleacht san Úcráin, agus ar an gcaoi sin an Treoir AE 2001/55/CE a agairt. Ag deireadh 2022, tugadh cóiríocht do thart ar 2,000 Tairbhí Cosanta Sealadacha i gContae na Mí.

Cé go bhfuil freagairt iomlán an Rialtais i bhfeidhm, áirítear ar fhreagrachtaí Chomhairle Contae na Mí lóistín gearrthéarmach éigeandála tosaigh a sholáthar do dhaoine atá ag teitheadh ón gcoinbhleacht san Úcráin. Bhí an chóiríocht seo i bhfoirm lóistín tráchtála, réadmhaoin gheallta (idir thithe roinnte agus tithe folmha) agus cóiríocht shealadach um Ionad Suaimhnis.

Chomh maith leis sin, threoraigh Comhairle Contae na Mí an fhreagairt chomhordaithe trí Fhóram Pobail a bhunú chun cruinnithe comhordaithe leanúnacha a eagrú idir gníomhaireachtaí éagsúla rialtais agus

neamhrialtais, chun cabhrú le déileáil le comhtháthú na dTeifeach ón Úcráin laistigh de Chontae na Mí. D'fhreastail grúpaí éagsúla amhail Ruhama, An Garda Síochána, go leor rannóg den FSS, Iontaobhas Peter McVerry, an Chrois Dhearg, Eagraíocht Idirnáisiúnta na hImirce, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Comhpháirtíocht na Mí agus go leor eile ar na cruinnithe seo.

Chun cabhrú le muintir na hÚcráine dul i dtaithí ar a dtimpeallacht nua, chabhraigh Comhairle Contae na Mí le cláir éagsúla arna maoiniú ag an rialtas a réachtáil agus/nó a chur chun cinn in 2022. Ghlac breis agus 500 Úcránach páirt in imeachtaí folláine

amhail; teiripe ealaíne, ranganna cócaireachta, ranganna aclaíochta agus rince agus go leor fiontair spóirt lena n-áirítear fánaíocht srl. Bhí Comhairle Contae na Mí ar cheann de na chéad Údaráis Áitiúla a bhunaigh an tionscnamh Carranna Pobail le maoiniú ón Roinn Tithíochta. Rinneadh é seo faoi chomhaontú leibhéal seirbhíse arna oibriú ag Comhpháirtíocht na Mí agus cuirfear tús leis sa chéad ráithe, 2023.

1.15 Cumarsáid

Tá príomhról ag an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachais maidir lena chinntiú go gcuirtear eolas cruinn, tráthúil agus ábhartha ar fáil don phobal, do chomhairleoirí agus d'fhoireann na comhairle. Tá an Chomhairle tiomanta freisin do chinntiú go bhfuil ár gcuid faisnéise scríofa i mBéarla simplí agus go bhfuil sé so-úsáidte.

D'fhonn cumarsáid éifeachtach a chinntiú tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae na Mí:

- Tacú le cumarsáid oscailte, thrédhearcach, thráthúil agus éifeachtach;
- Díriú ar chumarsáid rathúil, réamhghníomhach, ardchaighdeán a sheachadadh;
- A chinntiú go n-úsáidfear an raon iomlán uirlisí agus bealaí cumarsáide atá ar fáil;
- Léargas, tomhas agus meastóireacht a chur i gcroílár gach a ndéanaimid, agus úsáid éifeachtach á baint as tuairisciú agus meastóireacht chun tionchar ár ngníomhaíochtaí cumarsáide a thomhas
- Cumarsáid spriocdhírthe chuig páirtithe leasmhara cuí

Trína bheith réamhghníomhach inár gcumarsáid, trí rannpháirtíocht a thabhairt dár lucht éisteachta agus trí aiseolas a spreagadh, leanann Comhairle Contae na Mí de bheith ina foinse faisnéise iontaoifa agus inchreidte dá príomhpháirtithe leasmhara.

Acht na Gaeilge

Achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (Acht 2021) i mí na Nollag 2021, chun athruithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Acht 2003) a thabhairt isteach. Faoin bhforáil seo (Alt 10A den Acht arna leasú), tá dualgas anois ar gach comhlacht poiblí ar a laghad 20% dá bhfógraíocht bhliantúil a dhéanamh i nGaeilge agus 5% dá mbuiséad fógraíochta a chaitheamh ar fhógraíocht i nGaeilge sna meáin Ghaeilge. I rith 2022 d'oibrigh an tAonad Cumarsáide go dlúth leis an Oifigeach Gaeilge chun úsáid na Gaeilge a mhéadú ar chuntais meán sóisialta na Comhairle agus sna meáin thraidisiúnta. In 2023, soláthrófar agus cuirfear le chéile na chéad staidreamh maidir le comhlíonadh.

Na Meáin Thraidisiúnta

Cé go bhféadfadh an Chomhairle úsáid níos mó a bhaint as ardáin cumarsáide leictreonaí agus meán sóisialta, tá gá fós le freastal ar na cónaitheoirí sin a leanann de bheith ag brath ar fhaisnéis chlóite, agus déantar é seo i gcónaí trí na meáin chumarsáide agus na meáin bhunaithe.

Ardáin Meáin Shóisialta

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag cur lena líon síntiúsóirí agus leanúna ar ár n-ardáin meáin shóisialta éagsúla. Is áis chabhrach iad na hardáin seo fós don fhoireann cumarsáide chun faisnéis atá cothrom le dáta agus tráthúil a sholáthar, feachtais éagsúla faisnéise a réachtáil agus teacht ar chohóirt éagsúla den daonra. Leanfaidh an Chomhairle ag cur lena bonn síntiúsóirí agus leanfaidh sí ag díriú ar ábhar ardchaighdeáin, cruinn agus tarraingteach.

Ag deireadh 2022, thaifead an Chomhairle na líonta seo a leanas maidir le leantóirí/síntiúsóirí na meán sóisialta:

	2019	2020	2021	2022
Facebook	14,264	17,514	21,632	23,244
Twitter	8,862	9,842	10,423	10,800
Instagram	972	2,023	2,657	3,143
YouTube	31	96	217	259
LinkedIn	2,363	2,981	3,637	4,329

Cumarsáid Inmheánach

Leanfaidh cur chun feidhme an Chláir Cumarsáide Inmheánaí de rannchuidiú le comhtháthú na bhfostaithe agus na gcomhaltaí tofa, cothófar muintearas, cruthófar timpeallacht shláintiúil oibre, agus méadóidh sé éifeachtúlacht na Comhairle. Is í an aidhm spiorad comhoibrithe agus caidreamh oibre níos fearr a fhorbairt agus a chothabháil.

Leanann an fhoireann chumarsáide le nuachtlitir sheachtainiúil don fhoireann a chur ar fáil a sheoltar trí ríomhphost agus a fhoilsítear ar Aip Connect MCC gach Aoine. Taispeánann scáileáin teilifíse sa bhialann Simply Honest i dTeach Buvinda teachtaireachtaí agus fógraí laethúla don fhoireann. Úsáidtear cláir fógraí ar fud an fhoirgnimh agus sna iostaí freisin chun teachtaireachtaí a roinnt.

Bainistíocht Imeachtaí

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag eagrú roinnt imeachtaí atá ina ndeiseanna tábhachtacha chun an contae a chur chun cinn, dea-teist a thabhairt ar an gComhairle agus/nó príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl don phobal agus do na meáin, amhail oscailt forbairtí Tithíochta Sóisialta, gníomhaíochtaí Aoisbháúla, oscailt Tionscadal Caipitil, srl.

I measc roinnt imeachtaí a chomhordaigh an fhoireann in 2022 tá:

- Iompú an Fhóid Leabharlann Bhaile an Bhiataigh
- Seoladh Ghormbhealach na Bóinne, Baile Átha Troim
- Páirc Líneach agus Síúlbhealach Dún Búinne
- Seoladh Cácas Mhná na Mí
- Oscailt oifigiúil Porchfields, Baile Átha Troim
- Faiche Loch Gabhar, Iompú an Fhóid Dhún Seachlainn
- Oscailt Oifigiúil Phlás an Choiléirigh, Damhliag agus Páirc Staleen, Dún Uabhair



Cathaoirleach, an Comhairleoir Nick Killian sa ghrianghraf in éineacht leis an Aire Tithíochta Darragh O'Brien agus Cathaoirleach CB na hInse/Baile an Bhiataigh An Comhairleoir Wayne Harding agus Páirc Staleen, Dún Uabhair.

1.16 Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde

Lean Comhairle Contae na Mí ag cur feabhais ar ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta chun sábháilteacht, sláinte agus folláine ár bhfostaithe, ár gconraitheoirí agus baill an phobail a chinntiú. Rinneadh dianscrúdú ar éifeachtacht na gcóras atá i bhfeidhm le linn iniúchta sheachtraigh a raibh toradh dearfach mar thoradh air ón bhfoireann iniúchta, rud a d'fhág gur bronnadh an caighdeán idirnáisiúnta bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ISO 45001:2018 ar Chomhairle Chontae na Mí, é seo sa bhreis ar an deimhniú ar an gcaighdeán céanna atá ag Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Contae na Mí. Baineadh an rath seo amach trí thiomantas leanúnach ár bhfostaithe agus páirtithe leasmhara seachtracha. Rinneadh athbhreithniú ar dhoiciméid Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde (OSH) i rith na bliana agus de réir mar ba chúí nuashonraithe chun comhlíonadh a chinntiú. Tá clár feabhsaithe leanúnach i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear cuspóirí OSH aitheanta chun cinn.

Cigireachtaí Rialála

Chuir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (H.S.A) 6 Chigireacht Rialála in 2022 i gcrích:

- 2 Oibríocht Inmheánach (MCC).
- 4 Oibríocht Sheachtrach (Conraitheoirí).

Achoimre ar Theagmhas OSH

Is gné thábhachtach dár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta é tuairisciú na dteagmhas agus úsáidtear é mar uirlis chun réimsí i gcomhar feabhais leanúnaigh a aithint. Tuairiscíodh 61 teagmhas san iomlán le linn 2022:

Marfach	IR1.	IR3.	Laethanta <3 gortaithe	Gortú gan Neamh láithreach	Neas teagmhas	V&A	Damáiste do Mhaoín	Eile
-	4	4	1	18	7	2	17	8

Bhain an líon ba mhó teagmhas a tuairiscíodh le gluaiseachtaí feithiclí; idirghníomhartha tiomána, trealamh agus innealra agus sciorradh, tuisliú agus titim.

Oiliúint agus Feasacht OSH

Is príomhghné í an oiliúint chun cultúr dearfach sábháilteachta a chur chun cinn agus dea-chleachtais sábháilteachta a neadú.

Chomh maith le líon mór oiliúna a bhaineann go sonrach le gníomhaíochtaí, áiríodh ar na cúrsaí oiliúna a reáchtáladh Pas Sábháilte, Bainistíocht Sábháilte san Fhoirgníocht IOSH, soilsiú agus cumhdach Comharthaíochta CSCS, freagróir garchabhrach agus láimhseáil láimhe.

Reáchtáladh cruinnithe faisnéise inmheánacha freisin ar fheasacht ghinearálta ar shábháilteacht, ar bhainistíocht tógála, ar oibríochtaí grinneal geimhridh, ar mhaoir trá agus ar ghníomhaíochtaí garda tarrthála.

Cumarsáid, Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

Téann an Chomhairle i gcomhairle agus i gcumarsáid le fostaithe ar na modhanna seo a leanas:

- Aip CCM;
- Measúnuithe Riosca agus Nósanna Imeachta Sábháilteachta a Ullmhú;
- Tuarascálacha ráithiúla sábháilteachta;
- Ionadaithe sábháilteachta;
- Grúpaí Monatóireachta Sábháilteachta;
- Cruinnithe an Choiste Bainistíochta Sábháilteachta;
- Cruinnithe Foirne Bainistíochta;

Reáchtáladh Cruinnithe an Ghrúpa Monatóireachta Sábháilteachta le gach Rannóg ar bhonn sé mhí, rud a d'fhág gur féidir saincheistanna sábháilteachta sonracha a phlé agus aghaidh a thabhairt orthu.

Reáchtáladh Cruinnithe an Choiste Bainistíochta Sábháilteachta ceithre huairé i rith na bliana chun aghaidh a thabhairt ar cheistanna ar bhonn Corparáideach agus ar aon saincheist sábháilteachta a ardaíodh ag Cruinnithe an Ghrúpa Monatóireachta Sábháilteachta. Úsáidtear na cruinnithe seo freisin chun comhlíonadh le sábháilteacht agus reachtaíocht a mheas agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an chlár feabhsúcháin leanúnaigh bhliantúil.

Díscaoileadh an coiste Covid-19 in 2022, agus coinníodh príomhionadaí oibrí ainmnithe Tá bearta rialaithe i bhfeidhm fós chun oibreáin bhitheolaíoch a bhainistiú.

Eisíodh roinnt cainteanna bosca uirlisí agus foláirimh sábháilteachta chuig na Rannáin ábhartha ar fad, lena n-áirítear ábhair maidir le measúnú ar chiumhaiseanna cois bóthair, fliú éanúil agus feidhmiú bainistíochta ceimiceán CCM.

Úsáidtear an t-inlín mar uirlis chumarsáide le haghaidh ábhar cothrom le dáta an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta.

Monatóireacht OSH

Tugadh faoi iniúchtaí agus cigireachtaí OSH ar oibríochtaí díreacha agus seachtracha (conraitheoirí) go rialta ar fud gach cuid den Chomhairle. Is rannchuidiú iad na hathbhreithnithe seo lenár gcuspóirí OSH a bhaint amach trí chur chuige córasach, smachtaithe a thabhairt isteach chun éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta a fheabhsú trí fheabhsú leanúnach.



Sa phictiúr tá an Príomhfheidhmeannach Jackie Maguire ag glacadh le creidiúnú ISO45001:2018 thar ceann Chomhairle Contae na Mí ón gcomhlacht deimhniúcháin Certification Europe.

Tithíocht

2.1 Clár Caipitil

Achoimre ar Sheachadadh Tithíochta do Chách 2022

Sásra Seachadta	Aonaid
Tógáil Dhíreach	21
Críochnaíodh Maoin um Cheannach & Athnuachan in 2022	3
Lándéanta	26
Éadálacha nach n-áirítear Ceannach agus Athnuachan iontu	20
Cuid V	122
Scéim Chúnaimh Chaipitil Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe	2
Lándéanta Comhlacht Ceadaithe Tithíochta	172
Lándéanta Comhlacht Ceadaithe Tithíochta Cuid V	5
Comhlacht Ceadaithe Tithíochta Saoráid Réamh-Léasaithe Caipitil Tógáil	88
Comhlacht Ceadaithe Tithíochta Saoráid Réamh-Léasaithe Caipitil Tógáil Chuid V	8
Éadálacha Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (Gníomhaireacht Tithíochta)	0
Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta Morgáiste chuig Cíos	6
Morgáiste Príobháideach ar Cíos	15
Léasú Fadtéarmach ÚÁ	3
Léasú Fadtéarmach Comhlacht Tithíochta Ceadaithe	0
lomlán na n-aonad seachadta in 2022	491

Tógáil Díreach Críochnaithe in 2022

AINM AN TIONSCADAIL	LÍON NA nAONAD	DÁTA TOSAIGH	DÁTA CRÍOCHNAITHE
Páirc Staleen, Dún Uabhair	21	R2 2021	R4 2022
Aonad Ceannaigh & Athnuairigh - An Bóthar Buí	1	R1 2022	R4 2022
Aonad Ceannaigh & Athnuairigh - Ceanannas	1	Q3/2021	Q3/2022
Aonad Ceannaigh & Athnuairigh - An Inse	1	Q1/2021	Q4/2022
Foriomlán	24		

Spriocanna Tithíochta Sóisialta 2022-2026

Bliain	2022	2023	2024	2024	2023	lomlán
Sprioc	413	323	249	267	273	1,525

Spriocanna Tithíochta Inacmhainne 2022-2026

Bliain	2022	2023	2024	2024	2023	lomlán
Sprioc	10	28	41	36	36	151



Láithreán Chomhairle Chontae na Mí Tógáil dhíreach – Páirc Staleen, Dún Uabhair (€4m)

Rinneadh imscrúdú ar 103 láithreán féideartha agus/nó deiseanna d'fhorbairt lándéanta i rith 2022. Cuireadh gach ceann díobh faoi mheasúnú pleanála agus innealtóireachta chun oiriúnacht le haghaidh forbartha nó éadála a chinneadh. Sainaithníodh agus comhaontaíodh roinnt seachadtaí Lándéantale forbróirí. Rinneadh infheistíocht shuntasach chun suíomh a cheannach i gCill Dhéagláin (€3.3 milliún) a sholáthróidh thart ar 75 aonad faoi 2026. Ag obair leis an Rannóg Comhshaoil, fuarthas Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh ar réadmhaoine san Inse, san Uaimh, i mBaile an Bhiataigh, agus i gCeanannas a chuirimid le seachadadh na Tithíochta de réir mar a thugtar ar ais go dtí an caighdeán iad.

I rith na bliana reáchtáladh comórtais Tairisceana Foirne Dearaidh do scéim Chill Dhéagláin agus Lána Nua, An Uaimh.

Réamhdhearadh ar siúl do scéimeanna ag Cúirt Nangle An Uaimh agus Sráid an Agaird, Baile Átha Troim.

Ullmhaíodh iarratais phleanála agus cuireadh isteach iad le haghaidh scéimeanna sa Bhaile Nua; Gléib an Ard-deagánaigh, Ceanannas; Sráid na Carraige, Ceanannas; Bóthar Chill Dealga, Baile Átha Buí; Radharc an Teampaill, Ráth Moliain; Corrán na gCnoc Dubh, Domhnach Cairnigh; Swan Lane, An Uaimh; Lána an Phitséir, Ceanannas; Cúirt Ráth Arlain, An Uaimh; agus Cnoc Uí Bhrú, an Uaimh.

Reáchtáladh comórtais tairisceana chun conraitheoirí a cheapadh ar na scéimeanna seo a leanas: Sráid an Chaisleáin, Cill Dhéagláin; Gort na Glaise, Farganstown; Páirc San Proinsias, An Uaimh; agus Bóthar Chill Dealgan, Baile Átha Buí.

Bhí oibreacha ar an láthair ar siúl/tosáíodh i bhFaiche Loch Gabhar, Dún Seachlainn; agus Cúirt Alverno, An Inse. Críochnaíodh oibreacha i bPáirc Staleen, Dún Uabhair.

Caiteachas Caipitil Tithíochta

Rinneadh éilimh de €64,511,548 ar chaiteachas caipitil Tithíochta le linn 2022 chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht faoi na ceannteidil seo a leanas: Éadálacha, Ceannaigh agus Athnuachan, Tógáil, Cóiríocht don Lucht Siúil, Cuid V, Scéim Oibreacha Oiriúnaitheacha an Údarás Áitiúil, Forbairtí Lándéanta, Folús, Costais Riaracháin Forbairtí Lándéanta, Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh, Oibrí Lucht Siúil na hUaimhe, Táillí Bainistíochta Tionscadail Chlár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Tionscadail Athchóirithe

Páirc San Proinsias (€3,771,374) – Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar an láthair i mí na Samhna 2022 le clár tógála réamh-mheasta de 12 mhí.

Athchóiriú Cúirt Alverno (€4,150,329) - Cuireadh tús le hoibreacha athchóirithe ar an suíomh ar an 3 Lúnasa 2021 agus cuirfear i gcrích é thar chúig chéim.

2.2 Bearta Inacmhainneachta

Diúscaíodh naoi láithreán phríobháideacha ar chostas íseal mar atá corpraithe i gCéim 1 d’Fhaiche Loch Gabhar, Dún Seachlainn in 2022, de réir Alt 183 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Ghlac Comhairle Contae na Mí leis an Scéim Tosaíochta do Shocruithe Ceannaigh Teaghaisí Inacmhainne i mí Mheán Fómhair 2022.

2.3 Scéimeanna Oiriúnaithe**Scéimeanna Deontais um Oiriúnú Tithe do Dhaoine Scothaosta agus Daoine faoi Mhíchumas**

Fuair 485 teaghlach cúnamh deontais faoi na scéimeanna deontas éagsúla in 2022 arbh fhiú €3,056,152 é.

Scéim Oibreacha Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil

In 2022, tugadh 63 tionscadal chun críche do stoc reatha na Comhairle le caiteachas iomlán de €528,908.11.

2.4 Cothabháil Tithíochta**Cothabháil Freagra**

Bhí oibreacha de dhíth ar 80 aonad folamh san iomlán sular glacadh le tionóntaí arís iad in 2022.

Maidir le haonaid fholmha, fuarthas maoiniú iomlán de €1,424,794.32 in 2022 ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht (deisiúcháin réamhchiosa - €514,447.32 agus oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh - €910,347.00).

Logáladh 6,265 cás freagartha cothabhála in 2022 agus dhéileáil an Rannóg Cothabhála Tithíochta leo ina dhiaidh sin.

2.5 Seirbhís do Dhaoine gan Dídean

D’fhág 264 teaghlach cóiríocht éigeandála in 2022 agus d’imigh 26.5% de na teaghlaigh isteach i dtionóntachtaí ar cíos príobháideach / údarás áitiúil / comhlacht tithíochta ceadaithe.

Daingníodh 82 tionóntacht tríd an tacaíocht a chuir an tSeirbhís Aimsitheoir Áiteanna Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine gan Dídean ar fáil don tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022

Thug 499 teaghlach faoi bhráid Chomhairle Contae na Mí mar dhaoine gan dídean in 2022 (280 duine aonair/lánúineacha agus 219 teaghlach). I measc na gcúiseanna le cur i láthair bhí, inter alia, fógra foirceanta, cúinsí teaghlaigh agus coinníollacha maireachtála mí-oiriúnacha.

2.6 Cigireachtaí ar Chíos Phríobháideach

Rinneadh 1,560 cigireacht ar mhaoin cóiríochta príobháidí ar cíos don tréimhse Eanáir-Nollaig 2022. Eisíodh 1,286 Litir Feabhsúcháin agus 16 Fógra Feabhsúcháin.

2.7 Scéim um Cheannach Tionónta

Fuair tionóntaí Chomhairle Contae na Mí ceithre cinn déag (14) aonad in 2022 faoin Scéim um Cheannach Tionónta in 2022, ar lascaine charnach de €1,063,500.

2.8 Cóiríocht don Lucht Siúil

Rinneadh dul chun cinn maidir leis an gClár Cóiríochta 5 Bliana don Lucht Siúil a sheachadadh. I mBliain a trí den chlár bhí:

- 15 leithroinnt tithíochta sóisialta ar bith d'íarratasóirí tithíochta ón Lucht Siúil (sprioc 9)
- 5 Iarratas ar Scéim Oibreacha Oiriúnaitheacha na nÚdarás Áitiúil críochnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas Tithíochta (sprioc 3)
- Cuireadh tús le hathchóiriú Pháirc San Proinsias sular ligeadh cónaitheoirí chuig cóiríocht tithíochta shealadach.

Cur i gcrích an athbhreithnithe lár téarma ar Chóiríocht do Lucht Siúil na Mí 2019-2024. Níor moladh aon athrú ar an gClár.

Tháinig an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Fuarthas maoiniú de €17,400 faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin 2022 chun tuarascáil a choimisiúnú ar fheasacht agus rannpháirtíocht an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil a fheabhsú. Déanfar dul chun cinn le linn 2023 ar chur chun feidhme mholtaí na tuarascála.

2.9 Bainistiú Eastáit: 1 Eanáir 2022 – 31 Nollaig 2022

Cásanna Imscrúdaithe um Iompraíocht Fhrithshóisialta

Imscrúdú ar Iompraíocht Fhrithshóisialta ar siúl an 31/12/2022	79
Críochnaíodh imscrúdú ar Iompraíocht Fhrithshóisialta in 2022	897
Líon Iomlán na nGearán um Iompraíocht Fhrithshóisialta a Fuarthas in 2022	976

Gníomh Tógtha

Níl gá le gníomh breise – Níor aimsíodh ASB (gan bhunús / mailíseach)	81
Comhairle / Treoir tugtha	762
Rabhadh ó bhéal eisiithe	18
An chéad sárú ar Fhógra Tionóntachta	20
An dara sárú ar Fhógra Tionóntachta	4
Rabhadh reachtúil eisiithe	1
Fógra Fágála Seirbheáilte	1
Tarchur chuig gníomhaireachtaí eile	36
Áitiú mídhleathach mar gheall ar bhriseadh isteach (1 fós le réiteach)	7
Orduithe Eisiaimh a Iarrtar	0
Teach tógtha ar ais i seilbh (Níor úsáideadh aon táillí dlí ná táillí slándála sna cásanna seo)	46
Gníomh Iomlán a Rinneadh	976

Torthaí Tionóntachta

Cuireadh tús le hathshealbhú (de bharr ASB & cúiseanna eile)	46
Athshealbhú críochnaithe	46
Díshealbhú (Tar éis Ordú Athshealbhaithe)	0
Orduithe Eisiaimh faighte agus i bhfeidhm	0
Orduithe Sealbhaithe faighte maidir le Áititheoirí Neamhdhleathacha	9

Beartas Bainistíochta Eastát

Cuireadh an Beartas Bainistíochta Eastát i bhfeidhm chun creat foriomlán a sholáthar chun torthaí bainistíochta eastát níos fearr a chur chun cinn agus a bhaint amach laistigh d'éastáit Chomhairle Chontae na Mí. Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid an Choiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta, Pobail agus Cultúir i mí na Nollag 2022 agus d'fhaomh sí é.

Spreagann an fhoireann Idirchaidrimh le Tionóntaí gach tionónta nua a bheith rannpháirteach i gcumann cónaitheoirí reatha nó cumann cónaitheoirí nua a bhunú d'éastáit nua. Tugann an Fhoireann Idirchaidrimh le Tionóntaí breac-chuntas ar na tacaíochtaí atá ar fáil ón Lónra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN). Cuidíonn an Fhoireann Idirchaidrimh le Tionóntaí agus freastalaíonn siad ar chruinnithe cumainn áititheoirí i rith na bliana agus spreagann siad tionscnaimh bhainistíochta eastáit agus míníonn siad cén maoiniú atá ar fáil.

Tionscnamh is ea Dul i dteagmháil le Tionóntaí Scothaosta (ROOT) a thairgeann tacaíocht do thionóntaí sa chatagóir do dhaoine os cionn 70 bliain d'aois. Chuaigh an fhoireann idirchaidrimh Tionónta i dteagmháil le 260 tionónta le linn 2022.

Cuireadh maoiniú bainistíochta eastáit ar fáil le haghaidh oibreacha athchóirithe ag Corrán Liam Uí Dhuibh Ceanannas agus Corrán Loch Gabhar Dún Seachlainn.



Corrán Liam Uí Dhuibh, Ceanannas



Corrán Loch Gabhar, Dún Seachlainn - Tionscnamh Píolótach Bainistíochta Eastáit (Roimh & Tar éis)

2.10 Mhíchumas

Rinneadh athbhreithniú ar Straitéis Chomhairle Chontae na Mí um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas faoi choimirce an Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta um Mhíchumas tar éis fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027. Foilseofar Plean Náisiúnta Forfheidhmíthe go luath in 2023 óna ndéanfar gníomhartha áitiúla a shainiú agus a chur chun cinn.

In 2022, rinne an Grúpa Stiúrtha um Thithíocht do Mhíchumas dul chun cinn maidir le bunú Foirne Gníomhaíochta Tithíochta do Mhíchumas a dhíreoidh ar shainriachtanais na n-iarratasóirí. Thionóil an Fhoireann Gníomhaíochta um Thithíocht do Mhíchumas a céad chruinniú i mí Dheireadh Fómhair agus tháinig siad le chéile faoi dhó in 2022.

Seachadadh 35 aonad rochtana comhréidh ar fud 5 shuíomh in 2022, chun freastal ar iarratasóirí a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu. D'eascair na haonaid seo ó sheachadadh Chuid V a bhí idirbheartaithe ag Comhairle Chontae na Mí agus gníomhaíocht Comhlacht Ceadaithe Tithíochta.



Aonaid rochtana leibhéil seachadta trí Chuid V agus Seachadadh AHB (Na hÁirsí Dún Seachlainn agus Plás an Choiléirigh, Damhliag)

2.11 Tacaíochtaí Tithíochta Sóisialta

Fuarthas 1,083 iarratas nua ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta don tréimhse 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2022.

Imlínítear thíos líon na dteaghlach ar shásaigh Comhairle Contae na Mí a gcuid riachtanas cóiríochta sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

Leithdháiltí/Tacaíochtaí Tithíochta	Líon
Leithdháiltí Díreacha CCM	242
Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta	213
SCC	0
ÍCT	419
Léasú Fadtéarmach	25
MTR (AHBS)	5
IOMLÁN	904

Ligin Bunaithe ar Rogha

Tugtar faoi gach leithdháileadh ginearálta tithíochta de chuid Chomhairle Contae na Mí trí Ligin Bunaithe ar Rogha (CBL). Tá eisceachtaí ann maidir le inter alia, iarratasóirí um aistriú, daoine faoi mhíchumas agus cásanna éigeandála. Bhí tionchar dearfach ag tabhairt isteach an chórais Ligin Bunaithe ar Rogha i mí na Nollag 2020 ar an ráta diúltaithe do thithíocht shóisialta.

Diúltuithe de réir Ceantair Bhardasaigh 2022	2020	2021	2022
Cill Dhéagláin	13	12	0
Ceanannas	75	35	10
An Inse - Baile an Bhiataigh	6	4	19
An Uaimh	43	21	11
Ráth Tó	52	29	4
Baile Átha Troim	22	15	0
Móriomlán	211	116	44

Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha

3.1 Pleanáil Don Todhchaí

Éachtaí 2022:

- Cáin Talún Criosaithe Cónaithe (RZLT)

Fuarthas 33 aighneacht san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí a bhí ar siúl idir an 1 Samhain 2022 agus an 31 Nollaig 2022. Ba é seo an chéad chéim maidir le cur chun feidhme thionscnamh nua an rialtais chun forbairt tailte cónaithe a spreagadh.

- Comhairliúchán Poiblí

Rinne an Rannóg Phleanála aighneachtaí ar 38 bpróiseas comhairliúcháin phoiblí sheachtraigh thar ceann na Comhairle in 2022. Áiríodh orthu sin próisis phlean forbartha, treoirlínte molta rialtais srl.

- Comhphleananna Ceantair Áitiúil/Uirbigh

D'fhoilsigh Comhairlí Contae na Mí agus Chill Dara an Páipéar ar Cheisteanna Straitéiseacha (SIP) a bhaineann leis an gComhphlean Ceantair Áitiúil do Mhaigh Nuad i Ráithe 4 2022. Fuarthas 65 aighneacht san iomlán agus tá Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh á hullmhú

Leanann Comhairle Contae na Mí ag plé lena comhghleacaithe i gComhairle Contae Lú maidir le foilsiú an SIP a bhaineann le Plean Ceantair Uirbigh Dhroichead Átha.

- Tuarascáil Monatóireachta Bhliantúil

Chuir an Rannóg Phleanála a céad tuarascáil monatóireachta i láthair de réir mar a cheanglaítear le Treoirlínte an Phlean Forbartha ar fheidhmíocht na Croí-Straitéise agus gníomhaíocht tráchtála sa phlean nua. Tá painéal monatóireachta á thógáil faoi láthair agus críochnófar é i R2 / R3 i mbliana.

3.2 Oidhreacht agus Caomhnú

Éachtaí 2022:

- Plean Oidhreachta an Chontae a chur chun feidhme

- Iniúchadh ar oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha na dToibreacha Naofa i gContae na Mí
- An Dara Seomra – Clár faisnéise TG4
- Feasacht ar Oidhreacht 2022 (Cúrsa Ar Líne 'Know Your Locality', Garraíodóireacht Inbhuanaithe, Love Passage Tuams Bainisteoir Ábhar FB, Clár Imeachta Pobail/Scoileanna Fhearann na mBráithre Dubha, Comhdháil um Thacaíocht do Thionscadal Tochailt Loch Moynagh, An Uaimh Mheánaoiseach).

- Tionscadal Bainistíochta Bithéagsúlachta na Mí

- Tionscadal Pailneora Féaraigh Chnoc Lloyd
- Iniúchtaí Bithéagsúlachta Uirbeacha – An Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas
- Cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Sonairte agus Cúlchríche (Oirthear na Mí).
- Tionscadail Bithéagsúlachta Pobail.

- Deontais
Ciste Séadchomharthaí Pobail 2022: 8 dtionscadal, de luach €355,503 **Scéim Deontais Oidhreachta Pobail:** 21 tionscadal, de luach €22,518 **Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha:** 22 thionscadal, de luach €166,394 **Ciste na Struchtúr Stairiúil:** 3 thionscadal, luach €124,996.
- Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann: Obair ar siúl i mBaile Átha Troim agus i gCeanannas. Plean Bainistíochta Caomhnaithe ullmhaithe do Bhailte Múrtha na hUaimhe.
- Plean Bainistíochta Caomhnaithe foilsithe do na tailte faoi úinéireacht an stáit ag Cnoc na Teamhrach.
- Seachtain na hOidhreachta, 2022 - 69 imeacht ar fud an chontae.

Tionscadail

- Saothar Clódóireachta agus Lárionad na Clóghrafaíochta, Ceanannas
- Túr Múrmhaisithe & Balla an Bhaile, Ceanannas
- Eaglais & Reilig Naomh Eoin, An Obair
- Reilig Bhaile Nua na Manach
- Eaglais Ard Maolchon, An Uaimh
- Caomhnú Balla an Bhaile, An Uaimh

3.3 Ranníocaíochtaí Forbartha

I bhfáltais Ranníocaíochta Forbartha Réamh-iniúchta do 2022 taispeántar bailiúchán de €14,029,439, méadú ar 2021 inar bailíodh €13,145,262. (Tá fáltais Uisce Éireann san áireamh sna figiúirí). Leanann an Fhoireann um Chomhlíonadh Airgeadais ag plé go gníomhach le féichiúnaithe chun comhlíonadh na gcoinníollacha pleanála a chinntiú.

Cuireadh síneadh le Scéim Ranníocaíochta Forbartha Chontae na Mí 2016-2021 ar feadh tréimhse bliana go dtí deireadh 2022 agus táthar ag súil le hathbhreithniú iomlán ar an Scéim in 2023.

3.4 Gníomhaíochtaí Comhlíonta

Forfheidhmiú Pleanála (Ailt 152, 154 agus 160)

D'oscail an Roinn Pleanála 193 cás forfheidhmithe pleanála in 2022 tar éis gearáin a fuarthas maidir le neamhchomhlíonadh na ndlíthe pleanála. Ní áirítear leis na figiúirí seo gníomh a rinneadh maidir le neamhchomhlíonadh forálacha airgeadais na gceadanna pleanála atá ar marthain.

Eastát a Ghlacadh ar Láimh (Alt 180)

Leanann an Chomhairle dá feidhm maidir le heastáit a ghlacadh ar láimh. In 2022, tógadh 6 eastát tithíochta ar láimh agus rinneadh staidéir thaiscéalacha ar roinnt eastát eile. Leanann an Chomhairle freisin ag déileáil leis an líon mór aighneachtaí comhlíonta chun forbairt nua a éascú.

3.5 Bainistíocht Forbartha

Éachtaí 2022

- Iarratais phleanála (Alt 34)
Fuarthas 1744 iarratas pleanála sa bhliain 2022. Cuirtear é seo i gcomparáid le 2434 in 2021. Tháinig ardú gan fasach ar iarratais phleanála in 2021 agus is féidir an t-ardú seo a chur i leith an athraithe bheartaithe ar an mBeartas Tuaithe nár glacadh ina dhiaidh sin mar chuid d’athbhreithniú Phlean Forbartha Contae na Mí.
- Forbairtí Cónaithe ar Mhórsála (LRD) (Alt 32)
D’éisigh an Chomhairle trí thuairim LRD in 2022. Chuir an Chomhairle iarratas amháin isteach ina dhiaidh sin agus cheadaigh an Chomhairle é le haghaidh 138 aonad. Tá an t-iarratas faoi achomhairc chuig an mBord Pleanála faoi láthair. Rinne an Fhoireann LRD measúnú ar sheacht n-iarratas eile. Tharla siad seo mar thoradh ar leasuithe a theastaíonn d’Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (SHD) a deonaíodh agus cinnfidh an Fhoireann LRD cibé an féidir déileáil leo mar iarratas pleanála caighdeánach (Alt 34) nó an gá iad a mheasúnú faoi na rialacháin LRD.
 - Iarratais Chuid 8 (Alt 179)
Cuireadh 23 iarratas faoi Chuid 8 isteach sa Rannóg Phleanála in 2022, i gcomparáid le 5 iarratas in 2021. Rinneadh 2 iarratas eile go díreach chuig an mBord Pleanála mar gheall ar an ngá le Ráiteas Tionchair Natura.
- Comhairliúcháin Réamhphleanála (Alt 247)
D’éascaigh an Chomhairle 509 cruinniú réamhphleanála san iomlán a reáchtáladh faoi Alt 247 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Reáchtáladh thart ar 45% de na cruinnithe go pearsanta, agus tionóladh an 55% eile ar líne nó ar an nguthán. Cuirtear an comhairle chéanna agus an leibhéal céanna seirbhíse ar fáil beag beann ar an modh cumarsáide a thairgtear don iarratasóir beartaithe. Tá réamhphleanáil fós ar siúl ar roinnt Forbairtí Infrastruchtúir Straitéiseacha lena n-áirítear an clár Dart +.

3.6 Rialachán um Chairéil

Leanann an tÚdarás Pleanála ag déanamh monatóireachta agus measúnaithe ar oibríochtaí cairéalachta sa Mhí.

3.7 Rialú Tógála

Is é an tOifigeach Rialaithe Foirgníochta a stiúran an Fhoireann um Fhorfheidhmiú Pleanála a dhéanann feidhm Rialú Foirgníochta na Comhairle. Tá ról ríthábhachtach ag an bhfeidhm Rialú Foirgníochta maidir le heolas a thabhairt don Fhoireann um Chomhlíonadh Airgeadais Pleanála.

Fuarthas 580 fógra bailí tosaithe in 2022. Cuirtear é seo i gcomparáid le 771 in 2021. Is

féidir na fógraí tosaithe a bhriseadh síos mar seo a leanas:

Cineál Forbartha	Líon na nAonad
Teach Aonuaire	255
Il-Aonaid	1099
Sintí	108
Eile*	56

* Talmhaíocht, Tráchtáil, Áineas srl.

De bhun an fhógra tosaithe a bheith faighte, rinneadh 871 cigireacht don chéad uair. Rinneadh 16,038 athchigireacht ar aonaid a bhí á dtógáil in 2022 freisin. Déantar cigireacht ar gach ilaonad thart ar 20 uair le linn na tógála lena chinntiú go bhfuil sé ag cloí leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta agus na coinníollacha pleanála.

3.8 Tionscadail

Chuir an Fhoireann um Thionscadail Phleanála tús le hobair freisin, lean siad le hobair a chur chun cinn ar na tionscadail seo a leanas nó thug siad cúnamh dóibh in 2022;

Ríocht Phoiblí

- Ríocht Phoiblí Bhaile Shláine agus Straitéis Forfheidhmithe
- Ríocht Phoiblí Bhaile an Bhiataigh agus na hInse
- Ríocht Phoiblí Ceanannais
- Ríocht Phoiblí an tSeanchaisleáin
- Ríocht Phoiblí Bhaile Átha Buí
- Straitéis Ríochta Poiblí Chill Dhéagláin
- Teach na Cúirte agus Ríocht Phoiblí Dhún

Seachlainn Eile

- Tús Áite do Lár Bhaile an Bhóthair Bhuí
- Scéim Feabhsaithe Sráid-dreacha – Sráid an Mhargaidh, Baile Átha Troim
- Plean Taitneamhachta agus Caitheamh Aimsire do Thúr Lloyd
- Plean Dearaidh Uirbeach Chnoc na mBláth agus Fearann na Mainistreach
- Athchóiriú ar Scoil Chlasaiceach Phádraig
- Plean Athfhorbartha Shuíomh Halla an Chontae

3.9 Scéim Náisiúnta Leathanbhanda

- Faomhadh 35 iarratas ar Cheadúnas Fearais Alt 254 chun an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a éascú.

Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

4.1 Forbhreathnú

Déanann Comhairle Contae na Mí breis is 3,500 km de ghréasán bóithre a bhainistiú agus a chothabháil. Baintear é seo amach le comhoibriú agus cúnamh ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), Bonneagar Iompair Éireann (TII), agus an Roinn Iompair (DoT), trí na príomheilimintí seo a leanas:

- Cothabháil agus bainistiú frithghníomhach agus coisctheach ó na Seirbhísí Soilsithe Poiblí ar shócmhainní soilsithe reatha agus nua agus dul chun cinn an Tionscadail um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Poiblí (PLEEP), síníodh conarthaí i R3 2022, agus tá tús curtha le hoibreacha ar an ngné dearaidh.
- Cothabháil agus bainistiú frithghníomhach agus coisctheach o na Seirbhísí Sócmhainní Tráchta ar shócmhainní tráchta reatha agus nua.
- Bainistiú agus cothabháil fhlít lena n-áirítear imscrúdú ar dhícharbónú fhlít.
- Oideachas agus Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre lena n-áirítear for-rochtain chuig beagnach 13,000 saoránach trí ghrúpaí agus imeachtaí scoile agus pobail. Cuireadh tús le hobair ar an bPlean nua um Shábháilteacht ar Bhóithre do Chontae na Mí agus bunaíodh Grúpa um Obair le Chéile ilghníomhaireachta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre mar thoradh air.
- Aithníodh tionchar an athraithe aeráide ar an líonra le maoiniú tionscnaimh de €535,000 faoi Oibreacha Oiriúnaithe agus Athléimneachta don Athrú Aeráide. Tá innealtóirí na gCeantar Bardasach ag bailiú sonraí ar imeachtaí adhaimsire agus ar an tionchar ar sheirbhísí agus ar an ngréasán.
- Glanadh sráideanna agus cothabháil páirceanna, clóis súgartha agus spásanna poiblí.
- Conradh glanadh lintéar bliantúil.
- Glantachán tar éis imeachtaí adhaimsire.
- Bailiú agus bainistiú sonraí lena n-áirítear suirbhéanna tráchta, suirbhéanna amhairc ar riocht na mbóithre agus tástáil mheicniúil.

Tá an roinn ag obair freisin, i gcomhar le TII, chun roinnt scéimeanna feabhsúcháin agus athdhromchlaithe sa Chontae a chur chun cinn ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre Tánaisteacha Náisiúnta.

Éachtaí

Áiríodh ar éachtaí Feabhsúcháin Bóthair seachadadh an chláir oibreacha bóthair thart ar €45m agus críochnaíodh naoi Scéim Rannpháirtíochta Pobail (mórchuid maoinithe ó DoT) agus 7 Scéim Feabhsúcháin Áitiúil ar dtús, agus ceadaíodh dhá cheann eile tar éis an dara babhta maoinithe. (Maoiniú deontais ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail). Taispeánann na scéimeanna seo an chaoi ar féidir le comhpháirtíocht idir an Chomhairle agus pobail feabhsuithe bríocha a sholáthar ar bhóithre, nach bhfaigheadh maoiniú cothabhála / feabhsúcháin murach sin.


4.2 Scéimeanna Príomhbhóithre agus Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta a cuireadh chun cinn in 2022

Seachbhóthar N2 Bhaile Shláine agus Feabhsuithe ar an Ríocht Phoiblí:

Tá an scéim leasaithe go suntasach chun feabhsuithe ar an ríocht poiblí a chur san áireamh. Críochnaíodh Dréacht Deiridh de dhoiciméid EIAR agus CPO ar an 11 Samhain 2022.

Céim 2 N51 Dhún Mó:

Leanadh ar aghaidh leis an bpríomhchonradh tógála in 2022 agus an bóthar á oscailt arís do thrácht feithiclí agus na hoibreacha beagnach críochnaithe.



Íomhá de Chéim 2 N51 Dhún Mó

Scéim Bóthair an N52 ón nGráinseach go Clontail:

Faomhadh tugtha ó TII i mí an Mheithimh 2022 agus cuireadh tús le nósanna imeachta reachtúla. Faoi láthair ag fanacht ar fhaomhadh ón mBord Pleanála.

N2 Timpeallán na Rátha go Cill Mhúna:

Conraitheoir um Imscrúdú Talún le tosú ar oibreacha i Ráithe 1 2023. Tá idirchaidreamh ar siúl le húinéirí Talún i gceist maidir le rochtain. Fuarthas tairiscintí le haghaidh suirbhé geoifisiceach Seandálaíochta, agus tá measúnú tairisceana ar siúl ar bhonn leanúnach. Táthar ag súil go gcuirfear tús le suirbhéanna i R1 2023.

Tionscadal Seachbhóthar N3 Achadh an Iúir:

Tá Comhairle Chontae na Mí i dteagmháil le Comhairle Chontae an Chabháin maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal Sheachbhóthar N3 Achadh an Iúir. In 2022 tar éis an chomhairliúcháin phoiblí ar an Rogha is Dealraithí a Roghnófar, leanadh den obair chun an Tuarascáil um Roghnú Roghanna a chur chun cinn..

Athdhromchlú Bóthair Náisiúnta:

Bhí sé seo ar siúl ag N51 Ongenstown, N2 ó Bhaile Uí Cheallaigh go Glassallen, N2 Ráth Draighneach go Tuitearath , scéim fhorleagan N51 Halltown/an Mullach Mór.

4.3 Líonra bóithre neamhnáisiúnta arna chothabháil in 2022

Maoiniú Bóithre Neamhnáisiúnta 2022 ón Roinn Iompair – Leithdháileadh Deontais €24,992,217:

Athchóiriú Bóthair

- Bóithre Réigiúnacha – 14.5 km agus Bóithre Áitiúla – 65.88 km (lena n-áirítear 8.58 km do CIS)
- Críochnaíodh 8.8 km de bhóithre faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Cóiriú Dromchla

- Bóithre Réigiúnacha – 22.23 km agus Bóithre Áitiúla - 100.1 km

Leithdháil an Roinn Iompair maoiniú ar Chomhairle Chontae na Mí freisin in 2022 arbh fhiú €395,000 é le haghaidh oibreacha ar Bhóithre Náisiúnta a raibh ann roimhe seo. Tá athdhromchlú de 1.3 km curtha i gcrích ar an R148 an Bóthar Buí, faoin gceannteideal seo.

Scéimeanna Neamhnáisiúnta ar cuireadh chun cinn iad in 2022:

- Ospidéal R161/ Scoil Chlasaiceach Phádraig
- L-5055 Timpeallán Bhaile Sheáin
- Carrchlós Linn Snámha Aura
- R-153 Bóthar Bhaile an Cheantaigh An Uaimh
- L-2814-0 Sráid na Siofóige
- R-163-40 Sráid an Mhargaidh Nua/Sráid na gCanónach
- L-3400-0 Bóthar na Bóinne
- N2 Baile Uí Cheallaigh go Glassallen: Conraitheoir ceaptha
- N2 Ráth Draighneach go Tuitearath
- Scéim fhorleagan N51 Halltown/An Mullach Mór – oibreacha críochnaithe den chuid is mó

Rinneadh dul chun cinn ar Oibreacha Feabhais Droichid in 2022. Maoiníodh agus críochnaíodh Oibreacha Feabhais le linn 2022 mar seo a leanas:

- L3409 Lintéar Tatestown
- L68291 Lintéar Seymourstown
- L7413 Droichead Dhomhnach Phádraig
- R108 Droichead Bhaile an Dairdisigh
- L5606 Droichead Bhaile Nua na Manach
- L40131 Droichead Baile Throimléid
- R161 Seandroichead Baile Átha Troim
- L62151 Droichead na Rátha
- L62033 Lintéar Chill Táile

4.4 Cuireadh scéimeanna breise chun cinn in 2022

Droichead Coisithe na Mílaoise Baile Átha Troim:

I mí Lúnasa 2022, leagadh Droichead Coisithe na Mílaoise i mBaile Átha Troim mar gheall ar theip ar na léasacha ísle. Chuathas i gcomhairle go fairsing le hOifig na nOibreacha Poiblí, le Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus leis an Roinn Oidhreachta chun tionchar an scartála ar an ngarthimpeallacht a theorannú. Shuiteáil Óglaigh na hÉireann droichead bábhúin sealadach agus tá obair ar siúl ar athsholáthair forstruchtúr buan.



Droichead bábhúin sealadach sa phictiúr á shuiteáil i mBaile Átha Troim

Rinneadh dul chun cinn ar Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta in 2022 le leithdháileadh maoinithe de €337,000 ag na láithreacha seo a leanas:

- R147 An Geata Nua An Uaimh
- R147 Lios Ceartún an Uaimh
- L1002 L1003
- L1005 Acomhal Chrois Bhaile an Oibricigh
- L4025 L8001 Acomhal ag Cnoc Fochaine
- Acomhal R156 L62161 ag Cill Mhór Maigh nAilbhe
- R125 Cora
- R125 ag Baile Harlóg, Cill Dhéagláin
- Acomhal R156 R159 i Sráidbhaile Ráth Moliain
- L5602 L1604 Acomhal Ráth Brain
- R152 L5613 L16111 Acomhal ag Plaitín

4.5 Scéimeanna Iompair Ghníomhaigh agus Inbhuanaithe a cuireadh chun cinn in 2022

- Conair Cois na Bóinne: Iarratas pleanála curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Iúil 2020, iarradh tuilleadh faisnéise a chur isteach i R1 2023, déanfar cinneadh ina dhiaidh sin.
- Glasbhealach na Bóinne: An Seandroichead go dtí an Uaimh – Tugadh faoi Chomhairliúchán Poiblí Neamhrechtúil maidir leis an bhféarbhealach siúil agus rothaíochta thart ar 26.5km, measúnú ar bhealaí siúlóide chun an bealach is fearr a shainaithint.
- An Uaimh 2030: Tógáil Chéim 2 beagnach críochnaithe. Conraitheoir Chéim 3 ceaptha agus tógáil ag dul ar aghaidh ar Bhóthar Uí Chinnéide/Pláza an Chinnéide, acomhal Chearnóg an Mhargaidh/Sráid Gheata Bhaile Átha Troim/Acomhal Bhóthar Uí Chinnéide agus Bóthar na Mainistreach (Stad Tacsaithe).
- Suiteáil Scáthlín Bus: Maoiniú ÚNI faighte le haghaidh oibreacha cumasúcháin Scáthlín Bus agus stadanna bus Inrochtana – tógáil ag dul ar aghaidh.
- Áis Pháirceála & Taistil na hInse: Oibreacha críochnaithe.
- Scéim Rothaíochta agus Coisithe Bhóthar Áth Luimnigh go Baile Átha Troim: Dearadh mionsonraithe déanta agus Tairiscint do thógáil Chéim 1: Cuireadh tús le Solstice go Cnoc Feá.

- Líonra Rothaíochta GDA na hUaimhe: Faiche an Aonaigh go Baile Sheáin, Scéim Bhóthar an Chlochair: Cuid 8 Reachtúil críochnaithe. Tá an tuarascáil anailíse aighneachta críochnaithe agus curtha faoi bhráid an Údaráis Phleanála.
- Stadanna Bus na hUaimhe: Obair dheartha ag leanúint ar aghaidh le láithreacha breise lena n-áirítear dhá stad cóngarach do thimpeallán Bhóthar Bhaile Átha Buí, dhá stad ar Bhóthar na Coimín, stad amháin i Ráth Tó, chomh maith le saoráid bus chasadh timpeall i mBaile Roibín.
- Líonra Rothaíochta Ráth Tó: Próiseas pleanála curtha i gcrích. Comhairleoirí ceaptha le haghaidh Dearadh Mionsonraithe.
- Plean Líonra Rothaíochta Dhún Búinne: Sainchomhairleoirí ceaptha chun forbairt na roghanna scéime a chur chun cinn d'fhonn roghanna tosaíochta a aithint le tabhairt ar aghaidh le haghaidh faomhadh Reachtúil.
- Páirceáil Rothaíochta: Conradh bronnta chun Seastáin Rothar a sholáthar ar fud an chontae.
- Páirceáil & Taistil N51, An Uaimh: Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tógáil i rith na bliana agus táthar ag súil go gcríochnófar é in 2023.
- Cuarbhóthar na hUaimhe go Bealach Rothaíochta & Siúlóide Dhroichead Martha: Próiseas pleanála curtha i gcrích agus sainchomhairleoirí faighte chun an tionscadal a dhearadh go mion.
- Cill Dhéagláin: R135 Sráid Fhreidric go Baile Bin: Conraitheoir ceaptha agus oibreacha ag leanúint ar aghaidh.
- Bonneagar Siúlóide & Rothaíochta Baile an Bhiataigh go Domhnach Cairnigh: Próiseas Chuid 8 curtha i gcrích, imscrúduithe suímh curtha i gcrích, agus tús curtha le comhairliúcháin le húinéirí talún.
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile: Leanann an Chomhairle de bheith i dteagmháil leis an Taisce chun liosta na n-idirghabhálacha do na scoileanna Bhabhta 1 a thabhairt chun críche.
- Stad Coisithe agus Bus Bhaile Harlóg: Obair ar an Stad Bus curtha i gcrích, agus dul chun cinn suntasach déanta ar an bpróiseas a rinneadh ar thógáil an chosáin go Timpeallán Naoi gCloch Mhíle.
- Páirceáil & Taistil Chrois Ghearla: Dul chun cinn suntasach déanta ar thógáil 50 carrchlós.
- An Uaimh: Droichead an Phoill Bhuí: Sainathnóidh an rogha tosaíochta, rinneadh réamhdhearadh agus cuireadh tús le próiseas pleanála Chuid 8.
- Clár Cosán agus oibreacha eile: Rinneadh oibreacha chun cosáin nua a athshlánú agus a thógáil lena n-áirítear Scéim Rothaíochta Chosán Ghort na Mara, Cosán Ionad Pobail Dhamhliag, Bóthar Jim Brunnock agus Choill Chluana.

4.6 Tionscadail

D'oibrigh Comhairle Contae na Mí le roinnt comhpháirtithe maoinithe ar na tionscadail seo a leanas ó dhearadh go tógáil.

Ciste Bonneagair Spóirt ar Mhórsála (LSSIF)

Admhaíonn Chomhairle Contae na Mí gur chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú ar fáil faoin gClár Caipitil Spóirt €2,012,276.00 chun Siúlbealach Líneach, Páirceanna Imeartha agus Carrchlós a sholáthar ar Bhóthar Rúscaí, Dún Búinne agus rinneadh dul chun cinn ar oibreacha le linn 2022.

Ciste Forbartha Athghiniúna Uirbeach (URDF)

- Athghiniúint Chnoc na mBláth agus Fhearann na Mainistreach
- Gníomhachtú Talún na hUaimhe
- Athnuachan Sráide Iarnróid agus Cartlann an Chontae
- Cill Dhéagláin, Céim 2

An Ciste Forbartha Athbheochana Tuaithe (RRDF)

- Comhfhorbairt Áite Chruthaitheach Ceanannais
- Leabharlann & Ionad Cultúrtha Bhaile Átha Troim

- Lár Bhaile Átha Buí
- Faiche na Bóinne & Loingseoireacht
- Áis Phobail an Bhóthair Bhuí & Páirceáil & Taisteal
- Teach na Cúirte & Lár an Bhaile Dhún Seachlainn
- Lár Bhaile an tSeanchaisleáin

Lána Rothaíochta Ráth Tó

I rith na bliana, bhunaigh Comhairle Chontae na Mí Rannóg tiomnaithe Taistil Ghníomhaigh le freagracht as scéimeanna NTA, Oibreacha Cosáin, Glasbhealaí srl. Acmhainn le bheith ag feidhmiú go hiomlán faoi R1 2022.



Íomhá de Lána Rothaíochta Ráth Tó

4.7 Seirbhísí Eile Iompair/Oibríochtaí arna seachadadh in 2022

- Comhairle Rialú Forbartha / Pleanála Iompair – tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas a ndearnadh measúnú orthu in 2022;
- Ghnáth-Choithabháil, Seirbhís Coithabhála Geimhridh agus Coithabháil Gléasra agus Innealra;
- Clár Caipitil um Oibreacha Feabhsaithe Cosáin;
- Seirbhísí Soilsithe Poiblí, coithabháil agus cur chun cinn na Scéime Náisiúnta Iarfheistithe chun Éifeachtúlachtaí Fuinnimh a bhaint amach ar fud an chontae;
- Scéimeanna Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre, Cur Chun Cinn agus Oideachas;
- Ceadúnais Oscailte Bóithre, Iarratais ar Ualaí Neamhghnácha, fiosruithe ar Bhóithre agus Seirbhísí i gCeannas;
- Athbhreithniú ar cheadúnais Bus, láithreacha Stadanna Bus agus stadanna Tacsaithe;
- Chuir an Roinn Iompair maoiniú breise de €680,8674 ar fáil do Scéimeanna Draenála ar fud an chontae;
- Próiseáil iarratas ar Alt 254, ceadúnais scafall agus clárlach, chomh maith le comharthaíocht iarratais éagsúla.

Bhain oibreacha feabhsúcháin bóithre agus Cheantair Bhardasacha leas as beagnach €25M de mhaoiniú na Roinne Iompair agus infheistíocht bhreise de €14.6M ó acmhainní dílse. Thug sonraí agus suirbhéanna

treoir d'fhorbairt an chláir oibreacha bóthair, ag cinntiú cothromaíochta idir feabhsú agus cothabháil an ghréasáin. Breathnaítear ar inbhuanaitheacht agus ar ullmhú le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide agus seirbhísí agus tionscadail á seachadadh le triail Cosán Asfalt Athghinte agus oibreacha draenála oiriúnaithe. Is fiú a thabhairt faoi deara go raibh tionchar an athraithe aeráide le sonrú i seachadadh an chláir oibreacha bóthair inar cailleadh 7 lá oibre mar gheall ar theas foircneach.

4.8 Líonra bóithre neamhnáisiúnta arna chothabháil in 2022

202km de scéimeanna seachadta go lárnach thar 4 céim, i mbliain 2 de chlár 3 bliana, lena n-áirítear:

- 30 Scéim Forleagan Struchtúrtha Athchúrsála agus Cóirithe Dromchla (Céim 1)
- 79 Scéim um Chóiriú Dromchla (Céim 2)
- 21 Forleagan Struchtúrtha agus Cóiriú Dromchla (Céim 3)
- 32 Scéim HRA (Céim 4)

Cuireadh tús le tionscadail infreastruchtúir rithábhachtacha, ar nós Uisce Éireann agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite, ar fud an chontae, rud a d'fhág gur cuireadh siar roinnt tionscadal feabhsúcháin agus cothabhála bóithre.

Seachadadh 9 Scéim faoi na Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail agus mar an gcéanna seachadadh 9 gcinn faoi na Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla do bhóithre príobháideacha. Cuireadh 31 Scéim Eastát Tithíochta chun cinn ar fud na gceantar bardasach.

Leithdháileadh €400,000 de mhaoiniú ar iar-bhóithre náisiúnta, lena n-áirítear an R147 ag Baile an Dódaigh. Tugadh faoin scéim seo ag tionscadal píolótach a bhain úsáid as Cosán Asfalt Míntírthe 40%. Bhí sé mar aidhm ag an gclár píolótach seo inbhuanaitheacht agus an geilleagar ciorclach a bhrú chun cinn isteach i dtionscal trom carbóin go traidisiúnta trí úsáid a bhaint as dearadh meascán te agus plánáil bóithre a athúsáid. Baineadh samplaí lárnacha fairsinge as an gcosán críochnaithe agus léirigh na réamhthorthaí feidhmíocht chosáin cosúil le pábháil thraidisiúnta. Bhain na tionscadail roinnt coigilteas amach ó thaobh breosla agus ábhair mar seo a leanas; 3,600 lítear breosla, 600 tonna biotúman agus 6,000 tonna tathagaithe.

Timpeallacht

5.1 Forbhreathnú

Tá cosaint an chomhshaoil agus feabhsú thimpeallacht nádúrtha agus thógtha an chontae thar a bheith tábhachtach do chónaitheoirí Chontae na Mí agus do chuariteoirí. Tá aer agus uisce glan, faoin tuath saor ó bhruscar, trána sármhaithe agus córais bhainistíochta dramhaíola inbhuanaithe rithábachtach do thimpeallacht inbhuanaithe ardchaighdeán agus d'fheabhsú chaighdeán maireachtála ár saoránach.

5.2 Gníomhaíochtaí Oideachais agus Feasachta Comhshaoil

In 2022, ghlac an Chomhairle páirt i raon leathan gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí oideachais agus feasachta comhshaoil lena n-áirítear:

- Tionscnaimh na Scoileanna Glasa lena n-áirítear Seimineáir na Scoileanna Glasa ar Bhruscar agus Dramhaíl, Uisce, Fuinneamh, Bithéagsúlacht, Saoránacht Dhomhanda.
- Rolladh Picker Pals amach chuig 68 scoil in 2022.
- Deontais do Ghairdíní Scoile trí Mhaoiniú CEAF, tacaítear le 10 ngairdín scoile ar an meán in aghaidh na bliana mar aon le thart ar 30 tionscadal pobalbhunaithe, seimineár, ceardlann. Cuireadh an ciste seo ar fionraí in 2022 agus tá sé le tosú arís in 2023. Lean Comhairle Chontae na Mí de bheith ag tacú le Tionscadail Gharraíodóireachta i Scoileanna In 2022 in éagmais Scéim CEAF.
- Meánscoileanna – The Really Rubbish Film Company, Comhshaolaithe Óga ECO UNESCO, ReLove Fashion, Tionscadal Gníomhaíochta Aeráide na hIdirbhliana le Clár CLG 'Future Leaders'.
- Tionscadail a bhaineann leis an bpobal – KM Glas, Tionscadal um Chrainn a Chur, Feachtas Feasachta Oíche Shamhna, Mí Athúsáide Dheireadh Fómhair.
- Bainistíocht Bruscair Tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Mí do ghrúpaí pobail agus eile maidir le trealamh agus bailiú ábhair.
- Tionscadal Díleáiteora Dramhaíola Bia ag Ionad Athchúrsála na hUaimhe.
- Feachtas Fógraíochta Cuimsitheach ar an Deais, Frithbhruscair, Frith-Salú Madraí agus Frithdhumpála – Pictiúrlann, Raidió, Cláir Fógraí, Na Meáin Shóisialta.
- Comharthaíocht a sholáthar ar fud an chontae – Bruscar, dumpáil, bruscar cairr, salú madraí.
- Féilire na Laethanta Bailithe Dramhaíola Toirtiúla In Aisce ag na hionaid athchúrsála maidir le Toilg, Leapacha, Tochtanna, Trealamh Lasmuigh/Gairdín, Trealamh Plandlainne agus Bréagáin i rith na bliana.
- Rothair don Afraic – Tionscadal Athúsáide le Rotary Ireland ag soláthar rothair le haghaidh iompar meánscoile sa Ghaimbia, trí Ionad Athchúrsála na hUaimhe agus Príosún Theach an Locháin.
- Scoil Saor ó Bhuidéal Plaisteach – Chláraigh cúig scoil don Scéim Dáileora Uisce sa Mhí in 2022. Cuirtear fuaráin uisce saor ó theagmháil ar ardchaighdeán ar fáil do mheánscoileanna na Mí agus ceanglaítear ar gach scoil rannpháirteach toirmeasc a chur ar bhuidéil phlaisteacha aonúsáide. Tá deich scoil sa scéim faoi láthair agus plean acu a rolladh amach chuig gach meánscoil sa Mhí sna blianta amach romhainn.
- Bailiúchán Dramhaíola Builc Oíche Shamhna – Ábhar indóite a atreorú ó thine chnámh trí Bhailiúcháin Dramhaíola Builc In Aisce a sholáthar roimh Oíche Shamhna ag cúig ionad athchúrsála ar fud an chontae.
- Soláthraíodh 5,000 ógánach dúchasach do rannpháirtithe le plandáil i limistéir phobail ina mbailte, sráidbhailte agus eastáit tithíochta.

- Glacadh an Plean Bainistíochta Bruscair don Mhí 2022 – 2024 i mí na Samhna 2022, inar sonraíodh straitéis na Comhairle chun déileáil le bruscar ar fud na Mí thar thréimhse 3 bliana.



Oibríthe Deonacha sa phictiúr ag glacadh páirte sa Scéim Green KM

Halloween Amnesty at Recycling Centres

To divert combustible materials from Bonfires, there will be **NO CHARGE** for Beds, Mattresses, Headboards, Couches, Armchairs, Outdoor & Indoor Tables and Chairs for all Meath based householders...

...on Friday, October 28th and Saturday October 29th 2022 between 9am and 4pm

at Navan, Kells, Trim Recycling Centres, Thorntons Recycling Centre Dunboyne, Panda Recycling Centre, Rathdrinagh, Beauparc (beside 'The Brink' filling station)

€2 entry charge to access the recycling centres

All visitors must be resident in Co. Meath and must show a driving licence or utility bill with corresponding photo ID to avail of the free bulky waste offer.

Enquiries to environment@meathoco.ie  comhairle chontae na mí meath county council

Bailiú Dramhaíola Bulc Oíche Shamhna - Póstaer



Rothair don Afraic – Pictiúr a thaispeánann bailiú agus iompar rothar.



Oibrithe Deonacha um Glanadh suas Dhroichead Átha

5.3 Reiligí

In 2022 rinneadh dul chun cinn maith maidir le roinnt tionscadal reilige a chur chun cinn lena n-áirítear:

- Baile Átha Troim - Críochnaíodh an próiseas pleanála do sholáthar reilig nua ag Baile Uí Lógáin, Baile Átha Troim agus ligeadh do chonraitheoir a cheapadh i lár na bliana 2023.
- Steach Maoilín - aithníodh suíomh oiriúnach le haghaidh reilig athsholáthair agus ceannaíodh é agus cuireadh tús leis an bpróiseas ceadaithe pleanála.
- Bóthar Rúscaí Dún Búinne – cuireadh i gcrích an síneadh leis an reilig reatha. Cuireadh tús le hobair ar dhoiciméid tairisceana a ullmhú chun Foirgneamh Feighlithe, Leithris agus bealach isteach nua a sholáthar.
- Gairdíní Adhlactha / Ballaí Colmlainne - Cuireadh tús le hobair ar dhoiciméid Tairisceana chun gairdíní adhlactha agus Ballaí Colmlainne a thógáil laistigh de na cúig reilig atá á riar go hiomlán ag an gComhairle.

5.4 Feachtas Frithdhumpála

Gach bliain tugann Comhairle Contae na Mí faoi roinnt tionscadal a dhíríonn ar áiteanna ar eol go dtarlaíonn dumpáil neamhdhleathach agus/nó tionscadail choiscthe. In 2022, críochnaíodh 8 dtionscadal arbh fhiú €82,715 iad.

5.5 Tosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta

Déanann eagraíochtaí éagsúla na Tosaíochtaí Forfheidhmithe Comhshaoil Náisiúnta do gach bliain a dhréachtú lena n-áirítear an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola, Ionadaithe an CCMA, NIECE (Líonra um Chomhlíonadh agus Fhorfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann), an Roinn Comhshaoil, an GCC agus an WERLA (Údaráis Cheannais Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola). Le haghaidh 2022 sainíodh na tosaíochtaí seo a leanas:

Tosaíochtaí Dramhaíola:

- Bailiú dramhaíola – Tí agus Tráchtála – Scaradh Dramhaíola Tí agus Tráchtála
- Gníomhaíocht Tógála agus Scartála - diúscairt neamhúdairithe ar dhramhaíl C & D, Fógraí Airteagal 27 & Oibreoirí Scipeanna
- An Treoir maidir le Feithiclí i nDeireadh a Ré agus Tionscal na Miotal - cigireacht ar shuíomhanna údairithe ELV agus ar oibreoirí neamhúdairithe, feithiclí díluailithe a stóráil.
- Dul i ngleic le gníomhaíocht shuntasach dramhaíola neamhdhleathach – dumpáil neamhdhleathach, oibreoirí neamhúdairithe, gníomhaíochtaí de dhuine sa veain
- Suímh Ilghníomhaireachta Inspéise - nuair a bhíonn forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil gníomhaíocht mhídhleathach leanúnach ann

Tosaíochtaí Uisce:

Tá sé de dhualgas orainn Stádas Uisce a fheabhsú nó a chothabháil (má tá sé ar chaighdeán maith) inár ndobharlaigh go léir, agus déanaimid amhlaidh trí chigireachtaí a dhéanamh ar fheirmeacha, umair mhúnlaigh agus córais chóireála tithe aonair eile, monatóireacht ar an gCreat-Treoir Uisce, monatóireacht ar uisce snámha agus monatóireacht imscrúdaithe agus trí fhorghníomhú na reachtaíochta ábhartha. Bhí tosaíochtaí forfheidhmithe 2022 sna réimsí seo a leanas:

- Brú ó Thalmhaíocht (bailiú agus stóráil sciodair/uisce silte)
- Brú ó Thalmhaíocht (scaipeadh sciodair agus leasacháin)
- DWWTS/Umair Sheipteacha
- Ceadúnais Urscaoilte / Mínaisc
- Tosaíochtaí Áitiúla agus Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce

Chuireamar ár dtuarascáil Bhliantúil 2022 (RMCEI) faoi bhráid an GCC inar léiríodh ár ngníomhaíochtaí sna réimsí tosaíochta thuas do 2022 agus a fuair scór láidir go sármhaith ina measúnú ar ár gcur i bhfeidhm agus ár gcur chuige nuálaíoch.

An tAcht um Thruailliú Aeir 1987 agus na Rialacháin (Breoslaí Soladacha), 2022

Shínigh an tAire Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide na Rialacháin nua um Bhreosla Soladach a tháinig i bhfeidhm ar an 31 Deireadh Fómhair 2022. Is é príomhfhócas na Rialachán ná Cáilíocht an Aeir a fheabhsú agus deiseanna agus torthaí sláinte daoine a fheabhsú trí shrian a chur ar dhíolachán miondíola, ar líne agus tráchtála de bhreoslaí deataithe lena n-áirítear gual deataithe, móin agus adhmaid fliuch. Tá sé cruthaithe go gcuireann breoslaí tráchtáil go mór le truailliú aeir in Éirinn

Iarradh ar Údaráis Áitiúla, a leanfaidh de bheith freagrach as na Rialacháin a fhorfheidhmiú, tacú le feachtas faisnéise na Roinne maidir le tabhairt isteach na Rialachán agus lena n-áirítear foilsiú an phreasráitis náisiúnta agus CCanna ag an leibhéal áitiúil. Cé nach dtagann aon athrú maidir le cearta bainte móna leis na Rialacháin, folaíonn siad toirmisc ar dhíol móna tríd an idirlíon nó asraonta meáin eile nó ó áitribh a dhíolann bia, breosla nó earraí eile.

5.6 Gníomhú ar son na hAeráide

Lean Comhairle Contae na Mí le cur chun feidhme ár Straitéise um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2019 – 2024 a chur chun cinn trí ghníomhartha oiriúnaithe agus maolaithe aeráide a threorú, a spreagadh agus a chumasú laistigh de Chontae na Mí. Cabhróidh na gníomhartha agus na tionscnaimh seo le Contae na Mí ár spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de laghdú de 51% ar astuithe faoi 2030 agus glan-nialas astuithe gáis cheaptha teasa a bhaint amach faoi 2050. Baineadh amach an rath leanúnach dár gclár um ghníomhú ar son na haeráide trí rannpháirtíocht le Fóram um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na Comhairle, Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus comhlachtaí éagsúla ar leibhéal áitiúil an phobail agus ar an leibhéal náisiúnta. Bhí ár bhFoireann Inmheánach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i gceannas ar a chinntiú go ndéantar tionscnaimh agus gníomhaíochtaí aeráide lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a mheas laistigh de thionscadail na Comhairle.

Cuireadh roinnt tionscadal agus clár a bhaineann leis an aeráid chun cinn nó críochnaíodh iad le linn 2022, ina measc:

- **CLG - Clubanna Glasa/Clár Ceannairí na Todhchaí:** Chabhraigh an Rannóg um Ghníomhú ar son na hAeráide chun an modúl inbhuanaitheachta do Chlár na gClubanna Glasa CLG a thabhairt chun críche.
- **Stáisiúin Athlíoanta Uisce:** Tá dhá stáisiún athlíoanta uisce curtha isteach i gCill Dhéagláin agus i mBaile Átha Troim.
- **Tionscadal Cáilíochta Aeir Bhaile Átha Troim:** Tá an Tionscadal seo maoinithe i bpáirt ag Ciste Nuálaíochta Digiteach na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Tá dhá braiteoir aeir suiteáilte i mBaile Átha Troim agus tá painéal á fhorbairt faoi láthair chun sonraí fíor-ama ó na braiteoirí a sholáthar don phobal i gcoitinne.
- **Pobail Fuinnimh Inmharthana (SECanna):** I rith 2022 fuair seacht CSS breise tacaíocht agus / nó maoiniú maidir lena bPleananna Bainistíochta Fuinnimh.

Soláthraíonn comhoibriú agus comhpháirtíochtaí deis chun éifeachtaí a uasmhéadú agus idirghníomhaíochtaí a chruthú ar sheachadadh gníomhaíochta aeráide ar leibhéal áitiúil. Áirítear ar na comhoibrithe agus na comhpháirtíochtaí seo Grúpa Oibre Spóirt & Inbhuanaitheachta na Mí – Project Long Game; Maoiniú Cónaitheachta um Athrú Aeráide ag Dubhadh agus Measúnú Eolaíoch ar Roghanna Eile seachas Úsáid Luibhicíde i gCothabháil Spásanna Oscailte Poiblí Taitneamhachta.



Rannpháirtíocht Aeráide

Trí fheasacht mhéadaithe, cumarsáid agus rannpháirtíocht in idirphlé oscailte ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aeráid, spreagtar athrú dearfach a chothaíonn muinín agus a spreagann gníomhartha comhtháite. Tharla an caidreamh go himhneánach laistigh de Chomhairle Chontae na Mí agus go seachtrach laistigh de phobail, grúpaí agus le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear:

- Feachtas “Laghdaigh d'Úsáid”.
- Feasacht um Fheithiclí Leictreacha
- Teistiméireachtaí Uasghrádaithe Fuinnimh
- #MyCouncilDay2022 - Gníomhú ar son na hAeráide téama na bliana seo
- Sraith ceardlann agus mionteagasc ar Phleananna Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil; Gníomhú Pobail ar son na hAeráide; Gníomhú Cruthaitheach Aeráide agus Oiriúnú don Athrú Aeráide
- Na meáin shóisialta: Baineadh leas as ardáin meán sóisialta Facebook, Instagram agus Twitter Chomhairle Contae na Mí chun teachtaireachtaí agus faisnéis a bhaineann le gníomhaíocht aeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur in iúl.
- Taispeántas Fuinnimh na Mí: Bhí an ócáid á reáchtáil ag Comhairle Chontae na Mí agus léirigh sé an t-eolas agus an chomhairle don phobal chun a dtithe agus a ngnólachtaí a dhéanamh níos tiosaí ar fhuinneamh. I láthair ar an lá bhí saineolaithe ar roinnt cineálacha teicneolaíochtaí in-athnuaite, ag taispeáint táirgí ó ghnóthaí áitiúla sa Mhí agus san Oirthuaisceart. D'éirigh thar barr leis an imeacht ón líon mór daoine (beagnach 500) a d'fhreastail ar an lá.



Na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGanna)

Tá spriocanna ag na spriocanna forbartha inbhuanaithe go léir a bhaineann le gníomhaíochtaí laethúla Chomhairle Chontae na Mí. Is í an Chomhairle, mar lucht déanta beartas agus mar chatalaíoch athruithe, is fearr chun na spriocanna domhanda a nascadh leis na pobail áitiúla. Lean an Chomhairle ar aghaidh ag ardú feasachta ag leibhéal áitiúil, ag tacú leis na spriocanna agus á gcur i bhfeidhm go háitiúil, agus monatóireacht, measúnú agus foghlaim ónár dtaithí ag an am céanna.

I measc na dtionscadal agus na gclár ar tugadh fúthu tá:

- D'fhorbair URBACT (Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)) Le tacaíocht ó URBACT, Spriocanna Domhanda do Chathracha, Comhairle Contae na Mí agus geallsealbhoirí áitiúla Plean Gníomhaíochta chun Clár Oibre 2030 agus SDGanna a chomhtháthú ar an leibhéal áitiúil. Is é an Plean Gníomhaíochta Comhtháite seo an chéad phlean a forbraíodh go háitiúil i gContae na Mí a

Tuarascáil Bhliantúil Comhairle Chontae na n-ádhmhartha atá ar bun laistigh den phobal agus CB Bhaile Átha Troim leis na SDGanna. Tá 23 gníomh sa Phlean Gníomhaíochta Comhtháite a bhfuil sé mar aidhm acu Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i mBaile Átha Troim a chur i bhfeidhm go háitiúil.

- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe - Ghlac Comhairle Contae na Mí páirt sa chéad Seachtain um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) de chuid SDG na hÉireann ón 20-26 Meán Fómhair 2022. Bhí feasacht ar na SDGanna curtha chun cinn trí na meáin chumarsáide, comórtas ealaíne na bpáistí, agus seoladh Cheardlanna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na mBunscoileanna.
- Seachadadh ceardlanna ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe do 32 bunscoil i gCo. na Mí. Bhí na ceardlanna dírithe ar réamhrá a sholáthar ar SDGanna don 4^ú, 5^ú & 6^ú rang, rud a éascóidh an tuiscint ar an gcaoi a bhfuil na spriocanna idirnasctha agus ag míniú cén fáth a bhfuil inbhuanaitheacht tábhachtach chun oibriú i dtreo domhan níos fearr.



5.7 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Mar chomhlacht poiblí, tá Comhairle Chontae na Mí tiomanta d’fheabhsú leanúnach agus dár spriocanna eanála poiblí 2030 a bhaint amach, méadú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar astuithe carbóin. Tá monatóireacht agus tuairiscíú éigeantach Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) don bhliain 2022 críochnaithe anois agus curtha faoi bhráid an SEAI lena bhailíochtú agus lena bhfíorú. Tá Ráiteas Fuinnimh 2022 Chomhairle Contae na Mí ar fáil sna hAguisíní.

Tháinig méadú de 3% ar idiú fuinnimh ó 2021. Is féidir é seo a chur i leith na n-oifigí, na linnte snámha agus na leabharlann a athoscailt ar bhonn lánaimseartha tar éis na dianghlasála Covid-19. Tá méadú suntasach tagtha ar chostas fuinnimh mar gheall ar an méadú géar ar chostais leictreachais i mí Iúil 2022. Tá méadú de 7% tagtha ar idiú na linnte snámha ar 2021 arís mar gheall ar athoscailt na linnte snámha ar bhonn lánaimseartha tar éis na dianghlasála Covid-19.

I measc na dtionscadal agus na gclár ar tugadh fúthu tá:

- Críochnaíodh iniúchtaí fuinnimh ar úsáideoirí suntasacha fuinnimh na Comhairle.
- Deimhnithe Fuinnimh Taispeána (DECanna) Deimhnithe bliantúla don 16 foirgneamh de chuid na Comhairle a bhfuil rochtain poiblí orthu.
- Tionscnaimh choigilt fuinnimh curtha chun feidhme.
- Tugadh isteach ardán bogearraí ar líne chun sonraí billeála le haghaidh leictreachais, gáis agus ola téimh a chomhordú ar shuíomh amháin le haghaidh anailíse éasca.
- Tá Biúró Fuinnimh an Mheánoirthir bunaithe chun oibriú le Comhairlí Contae Chill Mhantáin agus Chill Dara. Tacóidh Biúró Fuinnimh an Mheán-Oirthir leis na trí údarás áitiúla chun ár Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Astuithe Carbóin 2030 a bhaint amach, chun ár ról eiseamláireach a

Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála

6.1 Forbhreathnú

Clúdaíonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Contae na Mí raon leathan feidhmeanna ó fhreagairt oibriúcháin go cosc dóiteáin, lena n-áirítear:

- Seirbhísí comhraic dóiteáin agus tarrthála
- Sábháilteacht dóiteáin pobail
- Cosc dóiteáin theicniúil
- Ullmhacht éigeandála lena n-áirítear Pleanáil Móréigeandála

Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae na Mí réidh le freagairt do raon teagmhas agus éigeandálaí de réir mar a iarrann Ionad Cumarsáide Réigiúnach an Oirthir trí chóras 999/112. Íoctar ranníocaíocht gach bliain le Lárionad Rialaithe Réigiúnach an Oirthir le haghaidh láimhseáil glaonna éigeandála agus úsáid acmhainní na seirbhíse dóiteáin.

Chun freagra éifeachtach agus éifeachtúil leanúnach a chinntiú, cuirtear oiliúint agus tacaíocht leanúnach ar ár bhfoireann chun inniúlacht a choinneáil sa raon leathan scileanna a theastaíonn. Tá saintrealamh agus flít ríthábhachtach do sholáthar seirbhíse agus tá soláthar agus cothabháil leanúnach mar chuid thábhachtach de sholáthar an bhuiséid bhliantúil. Leis na ceanglais maidir le práinnfhreagairt a choinneáil tabhaítear costais shuntasacha i réimsí lena n-áirítear oiliúint foirne, cothabháil stáisiúin agus flít agus cumarsáid. Tá impleachtaí buiséadacha ag an dúshlán a bhaineann le hearcú agus coinneáil foirne, go háirithe i bhfianaise na hinfheistíochta suntasacha chun comhraiceoir dóiteáin nua a thraenáil agus a fheistiú.

Éachtaí in 2022

Sláinte agus Sábháilteacht

D'éirigh le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae na Mí an deimhniú ISO 45001 a athnuachan le linn 2022 lena gcinnteofar go bhfuil creidiúnú seachtrach ag ár gCóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta agus go ndéantar measúnú agus iniúchadh rialta air chun feabhas leanúnach a chinntiú.

Trealamh & Oiliúint

Fostaíonn an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála raon leathan de shaintrealamh chun a seirbhís oibríochta tarrthála a sheachadadh agus rinneadh infheistíocht shuntasach arís le linn 2022 i dtrealamh agus gothabháil trealamh. Soláthraíodh uirlisí tarrthála a oibrítear ó chadhnraí le húsáid ag Imbhualtí Tráchta ar Bhóithre ar fud na stáisiúin go léir chun feabhas a chur ar an bhfreagairt ar theagmhais bunaithe ar bhóithre, ar tháinig méadú orthu.

Rinneadh infheistíocht shuntasach in oiliúint in 2022 lena n-áirítear cúrsaí ar nós Oiliúint Iompraíochta Dóiteáin ón Roinn, Teagmhais Seirbhíse Dóiteáin a Bhainistiú, Céad Fhreagróir Éigeandála agus Cairdiach agus Teicneoir Tarrthála Bhánuisce. Tá tógáil scileanna na gcomhraiceoirí dóiteáin ar coimeád ríthábhachtach chun dea-sheirbhís a sholáthar agus tá an clár oiliúna faoi athbhreithniú leanúnach chun

freastal ar riachtanais seirbhíse.

Flít

Coinníonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae na Mí fearais dóiteáin i seacht stáisiún ar fud an chontae agus tá cineálacha éagsúla feithiclí i bhfeidhm. Tá fearas comhraicthe dóiteáin Scania Aicme B nua ag an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála chun leanúint leis an uasghrádú rollach ar an bhflít tosaigh. Tá Aonad Ceannais Teagmhais athsholáthair á cheannach don Chontae. Tá príomhról ag an bhfeithicil seo maidir le teagmhais mhórsála nó teagmhais a mhaireann ar feadh tamaill fhada a bhainistiú lena n-áirítear móréigeandálaí nó teagmhais adhamsire. Leanann infheistíocht san fhlít mar thosaíocht d'acmhainn shábháilte agus éifeachtach chun cabhrú le comhraiceoirí dóiteáin déileáil le teagmhais ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Tá maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ríthábhachtach do dhul chun cinn inbhuanaithe ár bhflít mar shócmhainn.

Tá Stáisiún Dóiteáin na hOibre athchóirithe agus leathnaithe go hiomlán chun saoráid shábháilte agus nua-aimseartha a chur ar fáil mar aon le bá fearas nua, seomra traenála, clós traenála agus túr. Soláthraíonn an tionscadal seo stáisiún nua atá tógtha go bunúsach ar lorg an stáisiúin reatha agus is céim mhór chun tosaigh é chun seirbhís éifeachtach dóiteáin agus tarrthála a sholáthar do thuaisceart na Mí.

Leanfar le hinfeistíocht a dhéanamh i ngach stáisiún chun leas, oiliúint agus áiseanna oibriúcháin a fheabhsú trí Chlár Caipitil na Seirbhíse Dóiteáin agus buiséad caipitil Chomhairle Contae na Mí.

Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin Phobail

Déileálann Oifig Coiscthe Dóiteáin le raon leathan iarratas ar Theastas um Shábháilteacht Dóiteáin d'fhorbairtí nua agus reatha agus déanann siad raon iniúchtaí chun déileáil le sábháilteacht ó dhóiteán ar an stoc foirgneamh reatha agus ar fhorbairtí molta ar fud Chontae na Mí. Mhéadaigh gníomhaíocht i réimse an Chosc Dóiteáin le linn 2022 le forbairtí suntasacha nua go háirithe i dtógáil chónaithe. Bhí na cigireachtaí ar láithreáin le haghaidh Substaintí Contúirteacha agus Ceadúnú Áitribh ag cloí le ceanglais reachtúla agus leibhéil mhéadaithe de ghníomhaíocht tráchtála.

Tríd an scéim Aláraim Deataigh Pobail, tugtar maoiniú don údarás áitiúil le haghaidh aláraim dheataigh fadsaoil a oibrítear le ceallraí le dáileadh sa phobal agus cuireadh tús le Seiceálacha Sábháilteachta Dóiteáin Baile ag comhraiceoirí dóiteáin in 2022 chun cosc dóiteáin a fheabhsú sa teach, áit a dtarlaíonn an chuid is mó de bhásanna dóiteáin. Reachtáladh laethanta oscailte stáisiúin dóiteáin i rith na bliana a éascaíonn idirghníomhú idir an tseirbhís dóiteáin agus an pobal, lasmuigh d'éigeandáil.



Sa ghrianghraf tá na comhraiceoirí dóiteáin ag tabhairt faoi Oiliúint Iompraíochta Dóiteáin Ranna



Sa ghrianghraf tá na comhraiceoirí dóiteáin ag tabhairt faoi Oilúint Feasachta Uisce ar an mBóinn.

6.2 Cosaint Shibhialta

Faoi láthair tá bonn láidir oibrithe deonacha de 200 oibrí deonach ag Cosaint Shibhialta na Mí. Cuirtear oiliúint ar na hoibrithe deonacha seo chun freagairt nuair is gá chun cabhrú leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha faoi 5 phríomhdhisciplín:

1. Freagra Éigeandála
2. Cuardach agus Tarrtháil
3. Freagra Leighis
4. Cúnamh Pobail
5. Seirbhís Monatóireachta Radaíochta

Cuirtear oiliúint ar fáil sna réimsí seo go léir ag Ceannteathrú Cosanta Sibhialta na Mí, Teach Radharc an Mhóta san Uaimh agus ar fud an chontae ag ár 7 n-aonad pobalbhunaithe breise, atá lonnaithe i nDún Búinne, Dún Seachlainn, Damhliag, Baile Átha Troim, Ceanannas, agus an Seanchaisleán.

Leis an laghdú ar shrianta Covid-19, beartaíodh sceideal gnóthach oiliúna dár n-oibrithe deonacha le linn 2022 agus chuimsigh sé seo oiliúint a chur ar 12 theicneoir leighis éigeandála nua chun tacú lenár bhfoirne Freagartha Leighis. Earcaíodh 25 oibrí deonach nua i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna don eagraíocht agus tá a n-oiliúint ionduchtaithe críochnaithe ag na hoibrithe deonacha seo agus tá siad gníomhach ina gcuid pobal anois.

Cuireadh isteach ar an gclár traenála sceidealta i mí an Mhárta nuair a sheas oibrithe deonacha Chosaint Shibhialta na Mí suas arís chun tacú le muintir easáitithe na hÚcráine. Athraíodh Teach Radharc an Mhóta ina ionad sosa éigeandála, le hoibrithe deonacha ag soláthar tacaíochta, seirbhísí iompair, cúnamh leighis, agus ag freastal ar na cónaitheoirí ó mhí an Mhárta go deireadh mhí Iúil.

Thug oibrithe deonacha faoi 216 dualgas oibriúcháin san iomlán. Ina measc, bhí imeachtaí Pobail, cúnamh Covid-19, Féilte Ceoil agus glaonna Cuardaigh agus Tarrthála.

Ar an 29 Samhain, i bPáirc an Chrócaigh, bhronn an tAire Simon Coveney TD bonn speisialta ar oibrithe deonacha chun ómós a thabhairt do gach ball den Chosaint Shibhialta ar fud na tíre a chabhraigh le linn na Paidéime Covid-19. D'fhreastail ionadaíocht de 24 oibrithe deonacha ó Chosaint Shibhialta na Mí ar an imeacht.

Bhí tráthnóna bronnta ar siúl i dTeach Buvinda, i mí na Nollag, áit ar bronnadh Boinn Covid-19 ar oibrithe deonacha nach raibh in ann freastal ar an imeacht i bPáirc an Chrócaigh. Eisíodh Teastais Oiliúna agus boinn Fadseirbhíse freisin le linn na hócáide seo i láthair an Leas-Chathaoirligh, an Comhairleoir Mike Bray agus an Stiúrthóir Seirbhíse, an tUasal Dara McGowan.

I mí Iúil, ceapadh an tOibrí Deonach David Treanor ina Oifigeach Cúnta um Chosaint Shibhialta.

Chuir Brainse na Cosanta Sibhialta maoiniú ar fáil chun Ford Ranger nua a fháil chun ár gcumas chun cabhrú leis na seirbhísí líne tosaigh a neartú, go háirithe le linn adhaimsire. Cuireadh maoiniú breise ar fáil freisin chun soláthar agus feistiú feithicle a bheidh le húsáid ag ár madra cuardaigh K9 nua agus láimhseálaí nua a chuir tús lena sainoiliúint i mí Dheireadh Fómhair.



Cosaint Shibhialta sa phictiúr ag cabhrú le linn Darkness Into Light 2022



Cosaint Shibhialta sa ghrianghraf ag oibriú ag imeacht ceoil ag Ráschúrsa na hUaimhe 2022



Ionad Scíthe Chosaint Shibhialta na Mí 2022



Oibrithe Deonacha Chosaint Sibhialta na Mí ag Bronnadh Bhoinn Covid 19 Pháirc an Chrócaigh 2022

Pobal

7.1 Forbhreathnú

Tá ról neartaithe ag Údarás Áitiúla i bhforbairt áitiúil agus pobail agus an bhéim ar leas agus cáilíocht beatha na saoránach agus na bpobal a chur chun cinn.

7.2 Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Is í feidhm an LCDC ná an Plean Pobail Eacnamaíoch Áitiúil a chur i bhfeidhm, comhordú, bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár áitiúil agus pobail thar ceann na Ranna Rialtais m.sh. SICAP, scéim Éire Shláintiúil LEADER agus na Cláir Feabhsaithe Pobail.

Thug an tAire Joe O'Brien cuairt ar an Uaimh i mí Feabhra agus bhuaile sé le roinnt gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le tionscadail a chuireann cuimsiú sóisialta chun cinn i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Tionscadal amháin dá leithéid a bhí i dTionscnamh Bus Bhaile na Gaoithe. Bunaíodh é 5 bliana ó shin chun daoine óga ó cheantar Bhaile na Gaoithe san Uaimh a thabhairt go dtí meánscoil Choláiste Beaufort. Bunaíodh an tionscnamh chun timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh trí dhaoine óga a choinneáil san oideachas. D'éirigh thar barr leis an scéim agus d'fhan daoine óga ar scoil gan mórán neamhláithreachta.

Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) 2016-2021

Tá Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail reachtúil sé bliana 2023-2028 á ullmhú ag an CFPÁ faoi láthair. Cuireadh ullmhú an Phlean amach chun tairisceana i rith míonna an tsamhraidh agus ceapadh comhairleoirí i mí Lúnasa. Tá an plean le bheith tugtha chun críche faoi R2 de 2023. Feidhmíonn an plean seo mar phríomhstraitéis a threoraíonn forbairt i gContae na Mí agus a dhíríonn ar acmhainní faoi bhainistíocht dhíreach an CFPÁ. Ní mór d'aon iarratas ar mhaoiniú do thionscadail mholta a bheith comhsheasmhach le cuspóirí an phlean freisin.

7.3 Clár Ionchuimsithe Soisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) 2018- 2022

Tá sé mar aidhm ag an gClár SICAP atá maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail bochtaineacht a laghdú, cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhoibriú áitiúil. Cuireadh síneadh 12 mhí leis an gclár SICAP reatha go dtí an 31 Nollaig 2023. I mí an Mheithimh 2022, leithdháileadh suim bhreise de €144,235 ar an gClár SICAP le haghaidh tacaíochtaí don Úcráin. Leanann Comhpháirtíocht na Mí, ar bronnadh an Conradh uirthi, ag seachadadh an chláir thar ceann an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC).

Tá Mol Folláine na Mí, atá nasctha leis an gclár SICAP reatha i gCo. na Mí, bunaithe trí mhaoiniú a cuireadh ar fáil ó scéim na gCuntas Díomhaoin. Cuidíonn an Mol Folláine le tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair ar a mbealach chuig téarnamh meabhairshláinte trí chuidiú leo strus a bhainistiú, athléimneacht a chur chun cinn, féinmheas a mhéadú agus iad a nascadh le píaraí agus líonraí sóisialta laistigh dá bpobail. Is clár an-rathúil é faoi láthair.

7.4 Clár LEADER 2014-2022

Tá an LCDC agus an tÚdarás Áitiúil freagrach as monatóireacht/maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh an chláir LEADER. Faomhadh tionscadail arna maoiniú faoin gclár idirthréimhseach LEADER 2014-2022 faoi mhí na Nollag 2022 agus tá siad le bheith críochnaithe faoi mhí na Nollag 2023.

Faoi dheireadh 2022, bhí 100% den bhuiséad LEADER Idirthréimhseach geallta

Bhí 80% de na héilimh tarraingthe anuas faoi dheireadh 2022. D'fhormheas an Coimisiún Eorpach Plean Straitéiseach CBT na hÉireann, 2023-2027. Áirítear i bPlean Straitéiseach CBT an clár LEADER, a bhfuil buiséad de €180 milliún aige le haghaidh na mblianta 2023 go 2027.

7.5 Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP)

Tharla an próiseas athchláraithe LRP agus tá méadú ag teacht i gcónaí ar chlárúcháin ghrúpa LRP na Mí. Fuair na grúpaí seo nuashonruithe rialta ar mhaoiniú agus ar dheontais, comhairliúcháin agus imeachtaí trí r-fheasacháin, na meáin shóisialta agus an suíomh gréasáin. Ag leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme na struchtúr chun cloí leis an lámhleabhar nua, tar éis cruinniú iomlánach i mí Aibreáin, cuireadh plean oibre le chéile chun cóid rialachais, téarmaí tagartha a fhorbairt agus nascghrúpaí agus modhanna aiseolais ó CPSanna agus ó Choistí do chomhaltaí LRP a athbhunú. Cuireadh tús leis seo le hOibrí Acmhainní nua i mí an Mheithimh, agus toghadh rúnaíocht nua i mí Dheireadh Fómhair. Tar éis ionductú agus oiliúint na rúnaíochta, tá siad ag obair ar na doiciméid rialachais riachtanacha a fhorbairt lena gcur i láthair agus lena nglacadh. Ag deireadh 2022, bhí 447 grúpa cláraithe.

7.6 Tionscnamh Aoisbhá na Mí

Tháinig an Comhaontas le chéile go pearsanta go ráithiúil in 2022 tar éis dhá bhliain de chruinnithe fíorúla. Tá ullmhúchán agus dul chun cinn ar dhréachtstraitéis nua do Thionscnamh Aoisbhá na Mí tugtha chun críche agus tá sé le seoladh in 2023.

I mí na Bealtaine 2022, reáchtáladh Coinbhinsiún Náisiúnta na gComhairlí Daoine Scothaosta (NNOPC) in Óstán Knightsbrook i mBaile Átha Troim, ar a raibh an téama “Maireachtáil go Slán, Bígí Slán” agus thacaigh sé le béim láidir ar shláinte agus folláine. D'fhreastail ionadaithe ó OPCanna go náisiúnta ar an imeacht seo.

Ar leibhéal níos áitiúla, reáchtáladh imeacht OPC na Mí in Óstán Ardboyne san Uaimh i mí na Samhna. Ócáid earcaíochta a bhí anseo do bhallraíocht níos leithne OPC agus deis chun naisc a dhéanamh idir grúpaí laistigh den Mhí.

7.7 Comhairle na nÓg

Leanann Comhairle na nÓg de chuid na Mí ag éascú Chomhairle na nÓg na Mí thar ceann Chomhairle Chontae na Mí trí Chomhaontú Seirbhíse a bheidh i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2023. Ag a gCruinniú Cinn Bhliana i mí Dheireadh Fómhair seo caite, roghnaigh an Chomhairle nua mí-úsáid drugaí agus meabhairshláinte mar ábhair oibre orthu thar an dá bhliain atá romhainn. Tugann baill Chomhairle na nÓg aitheasc do Chruinniú iomlán na Comhairle gach bliain. Freastalaíonn siad ar Thaispeántas Náisiúnta na gComhairlí, Dáil na nÓg agus leanann siad orthu ag glacadh páirte i gcomhairliúcháin, ag cinntiú go gcloistear guth na hóige.

7.8 Coistí Eile

Comhchoiste Póilíneachta (CCP)

Is é feidhm na CCPanna inter alia ná fónamh mar fhóram le haghaidh comhairliúcháin, plé agus moltaí ar ábhair a bhaineann le póilíneacht limistéar riaracháin an Údaráis Áitiúil. Tháinig an CCP agus na fochoistí le chéile go ráithiúil in 2022.

An tIonad Unity, Baile na Gaoithe, An Uaimh

Soláthraíonn an tIonad Unity spás le haghaidh gníomhaíochtaí pobail chomh maith le gníomhaíochtaí oiliúna agus fóillíochta agus bíonn sé ina óstach ar roinnt eagraíochtaí agus áirithintí lena n-áirítear an réamhscoil agus go leor grúpaí féinchabhrach, clubanna óige agus grúpaí pobail.

7.9 Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí

Leanann an Chomhairle lena tacaíocht don Chomhpháirtíocht Spóirt áitiúil, a oibríonn i gcomhpháirtíocht leis na príomhchomhlachtaí spóirt. Ag an am céanna, tacaíonn an Chomhairle le fostú oifigeach forbartha don sacar, CLG, LGFA & Rugbaí mar aon le rannchuidiú le Cispheil Éireann.

7.10 Tionscnamh um Mórtas Áite/Scéim Garraíodóireachta Mórtas Áite na Scoileanna

Is é an aidhm atá le Mórtas Áite ná oibriú i gcomhpháirtíocht le pobail, chun dea-chleachtas, nuálaíocht agus ceannaireacht a spreagadh chun pobail bhríomhara inbhuanaithe a sholáthar a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha do chách. Leanfaimid ag tacú leis na dámhachtainí Mórtas Áite.

7.11 Clár an Bhrait Bhuí

Tá an Rannóg Pobail tar éis comhoibriú agus áit a bhaint amach do Scoil Mhuire, an Uaimh faoin gclár 2 bhliana seo ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2022. Oibríonn an clár leis na scoláirí, le múinteoirí agus le tuismitheoirí chun tuiscint idirchultúrtha a chothú, nasc a chothú le baill den phobal taistil áitiúil agus imircigh agus tionscnaimh chomhtháite a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh an scoil ina scoil le brat buí ag deireadh an chláir.

7.12 Scéim an Chiste Éire Shláintiúil 2022-2025

Cuireadh tús le Babhta 4 den chiste Éire Shláintiúil i mí an Mheithimh 2022 agus cuireadh leithdháileadh de €40,000 ar fáil don tréimhse ó mhí an Mheithimh 2022 go mí na Nollag 2022. Baineadh leas as an leithdháileadh maoinithe seo chun cabhrú le tionscadail éagsúla a mhaoiniú faoi théamaí Éire Shláintiúil lena n-áirítear Tionscnamh Bhratach LGBT na Nochtóirí, Campa Samhraidh Lámha Speisialta, Club Bricfeasta Phobalscoil Naomh Ciarán agus Tionscadal Leabhar na Leabharlainne don Disléicse. Cuireadh tús le Comhordaitheoir Éire Shláintiúil nua don Mhí i mí Lúnasa 2022 agus tá pleanáil ar bun chun straitéis áitiúil a fhorbairt don leithdháileadh ciste Éire Shláintiúil (€155,000) ó 2023 go 2025 do Chontae na Mí.

Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS)

Faomhadh sé thionscadal faoi ORIS in 2022 agus leithdháileadh €446,800 ar an Mí

Beart	Tag. Tionscadail	Ainm an Tionscadail	Maoiniú Ceadaithe
1	OR122MH01.	Scáthláin Athraithe do Snámhóirí	€30,000
PD	OR422MH01.	Feabhsú Loch Breacáin	€43,911
PD	OR422MH02.	Measúnú Bunlíne Talún Lloyd	€14,490
2	OR222MH01.	Nasc Loch na Coille Báine Chill Mhaighneann	€200,000
2	OR222MH02.	Uasghrádú Conair Coill agus Cuilinn	€93,600
2	OR222MH03.	Conair Siúlóide Lúb Chill Bhearaigh	€64,800

Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile

Fógraíodh an scéim Bailte agus Sráidbhailte 2022 agus aithníodh na tosaíochtaí don bhliain mar:

- Tosaíocht A1 - foirgnimh fholmha/thréigthe
- Tosaíocht A2 - Tionscadail athbheochana
- Tosaíocht B - tacú le huasghrádú agus feabhsú na sócmhainní reatha.

Cheadaigh an Roinn maoiniú do thrí thionscadal faoin bpríomhscéim.

Tagairt an Tionscadail:	Baile nó Sráidbhailte	Méid Maoinithe Ceadaithe
TV22MH02.	Droim Conrach	€70,200
TV22MH06.	Coill Chluana	€250,000
TV22MH03.	Maigh Dearnhaí	€150,000

Scéim Feabhsaithe Sráid-dreacha Bailte agus Sráidbhailte 2022

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo feabhas a chur ar chuma amhairc an tsráid-dreacha uirbeach, iad a dhéanamh tarraingteach le maireachtáil, oibriú agus gnó a dhéanamh iontu. Athraíodh na critéir do 2022 agus tacóidh an

beart le togra tionscadail le haghaidh baile/sráidbhaile amháin ina bhfuil daonra suas le 15,000 duine. Tá baile Bhaile Átha Troim ainmnithe sa Mhí mar an baile chun maoiniú a fháil ar féidir é a úsáid chun aghaidheanna foirgneamh a fheabhsú, obair ealaíne a dhéanamh nó gnéithe ar nós troscán sráide nó ceannbhrait a shuiteáil.

CLÁR

Cuireadh naoi dtionscadal isteach agus faomhadh iad faoi Bheart 1 CLÁR 2022, le leithdháileadh maoinithe foriomlán don Mhí de €343,868. Tá miondealuithe na dtionscadal mar atá sa tábla thíos:

Tagairt an Tionscadail:	Ainm an Tionscadail:	Méid Maoinithe Leithdháilte:
C122MH01.	Scoil Náisiúnta Naomh Fiach	€50,000.00 - DÍDHÍLSITHE
C122MH02.	Coiste Halla Pharóiste Chill Scíre	€34,728.00
C122MH03.	Halla Pobail an Chaisleáin Nua	€39,870.00
C122MH04.	CPG Bhaile an Locha	€36,600.00
C122MH05.	Club CLG Mhaigh Locha	€50,000.00
C122MH06.	CPG Naomh Bríd	€45,000.00
C122MH07.	Tionscadal Athchóirithe Thobar Mhaoi	€15,170.00
C122MH08.	Reilig Choill Fhallúin	€22,500.00
C122MH09.	Coiste Buanchoimeád Reilig Dhíseart Ciaráin	€50,000.00



CPG Naomh Bríd – sa ghrianghraf roimh oibreacha CPG Naomh Bríd – sa phictiúr tar éis oibreacha

Scéim Deontas Caipitil d'Fhiontair Shóisialta

Cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail 3 thionscadal le haghaidh maoinithe mar a leanas:

- Ionad Pobail Dhún Seachlainn €20,000;
- Sonairte €7,725;
- Fiontraíocht Shóisialta na Mí Theas €2,310.

Ciste um Rannpháirtíocht agus Feasacht Míchumais

Cheadaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maoiniú do 2 thionscadal

- Bronnadh €52,000 ar FC Bhaile na Rátha Inrochtaineacht do Chách
- Bronnadh €22,000 ar Fheirmeoireacht Shóisialta na Mí

Leathanbhanda

Bhí 15 Phointe Nasctha Leathanbhanda (BCPanna) i bhfeidhm le linn 2022. Seachadadh roinnt clár chun scileanna digiteacha a fhorbairt thar go leor de na suíomhanna lena n-áirítear clár Hi Digital Vodafone do dhaoine scothaosta, TikTok4Teens, agus Léiriú ar ghearrscannáin Éireannacha ainmnithe de chuid Institiúid Scannán na hÉireann do Oscar.

Seoladh Tairseach na Mol Nasctha agus áirítear ann dhá BCP i gCill Scíre agus sa Chorr Mhín. Suíomhanna pobail eile; Tá Mol Pobail Pháirc na bhFianna agus Mol Pobail Bhaile Átha Buí ag baint leasa as an ardán chun áirithintí a ghlacadh. Leanann an líonra WiFi4EU le leibhéil arda úsáide a bhaint amach le meán de 2106 cliant in aghaidh an lae thar na pointí rochtana i gCeanannas, san Uaimh, i nDún Seachlainn, i nDún Búinne, i Ráth Tó, i gCill Dhéagláin, i mBaile Átha Troim agus sa Seanchaisleán.

Cuireadh tús le hobair chun leathanbhanda Snáithín a sheachadadh chuig gach áitreabh sa Chontae agus chuir Leathanbhanda Náisiúnta Éireann tús le hobair i Limistéar Imscartha Dhroichead Átha ag seachadadh snáithín chuig 2,739 teach in oirthear na Mí. Beidh an tseirbhís seo réidh do chónaitheoirí agus gnólachtaí sa limistéar idirghabhála faoi mhí an Mheithimh 2023.

Phróiseáil an Chomhairle 401 ceadúnas le haghaidh oibreacha bóthair faoi thalamh agus deonaíodh ceadúnas alt 254 chun 418 cuaille agus 976 km de chábla a shuiteáil ar chuailí trasna na 6 Bhardas in 2022.

Oifigeach Rochtana

Tá an tOifigeach Rochtana freagrach as cúnaimh a sholáthar nó a shocrú do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo rochtain a fháil ar na seirbhísí nó ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn Comhairle Contae na Mí. Ba é an príomhimeacht a réachtáladh i rith na bliana ná "Make Way Day" an 30 Meán Fómhair, Feachtas Náisiúnta Feasachta Poiblí chun aird a dhíriú ar aon dúshláin atá roimh dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag dul timpeall ar a bpobail áitiúla.

Comhstraitéis Imirceach 2019-2022

Tháinig an Comhfóram um Imeascadh Imirceach le chéile gach ráithe in 2022 agus thionóil sé 3 cinn de na 4 chruinniú a bhí acu go pearsanta. Pléadh dul chun cinn ar sheachadadh na gníomhartha sa straitéis agus tugadh faoi deara go bhfuil obair shubstaintiúil á déanamh ag na gníomhaireachtaí éagsúla ar an bhfóram. Fuair an Mhí maoiniú ón gCiste Imeasctha thar 3 bliana faoin DCEDIY. Baineadh leas as Bliain 2 den chiste chun éascaitheoir a fháil chun cabhrú leis an bhfóram agus é a fhorbairt ina róil, chun tuilleadh seisiún oiliúna éagsúlachta a sholáthar don fhoireann agus chun imeachtaí idirchultúrachais a rolladh amach, tríd an leabharlann, Mosney, chuig scoileanna Polainneacha agus Rúiseacha agus trí clár athlonnaithe na ndéanaithe.

Fóram Freagartha Pobail

Tá an fóram freagartha a bhí i bhfeidhm le linn na paindéime tar éis bheith slógtha anois agus tá sé á chomhordú ag Rannóg an Phobail chun cabhrú le riachtanais na dteaghlach Úcránach atá ag teacht isteach sa chontae. Leanann sé de bheith ag teacht le chéile ar bhonn rialta lena chinntiú go mbíonn freagairt chomhordaithe ann chun cabhrú le riachtanais na dteaghlach Úcránach.

Éire Aoibhách

8.1 Éire Aoibhách - Seirbhís Chomhroinnte Rialtais Áitiúil

Feidhmíonn Aoibhách Éireann mar sheirbhís chomhroinnte de chuid an rialtais áitiúil, arna óstáil ag Comhairle Contae na Mí. Bainistíonn an tseirbhís chomhroinnte an Clár Aoibhách náisiúnta atá cleamhnaithe le clár domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte do Chathracha agus Pobail a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Is é an comhthéacs idirnáisiúnta don obair seo ná tacú leis an tsochaí ullmhúchán a dhéanamh d'aosú an daonra agus pobail agus seirbhísí a chosaint don todhchaí don líon méadaitheach de dhaoine scothaosta sa phobal.

Tacaíonn an tseirbhís chomhroinnte le líonra náisiúnta de 31 Chlár Aoibhách ar fud na tíre. Feidhmíonn siad seo faoi Chomhghuaillíochtaí ilghníomhaireachta a bhaineann le comhpháirtithe san earnáil phoiblí, sa phobal gnó, agus san earnáil dheonach agus oibríonn siad i gcomhpháirtíocht le saoránaigh scothaosta trí struchtúir Chomhairle na nDaoine Scothaosta. Ar fud na tíre bhí os cionn 4,000 comhalta ar Chomhairlí Daoine Breacaosta in 2022, agus beagnach 400 rannpháirteach go gníomhach ar Choistí Feidhmiúcháin na Comhairle do Dhaoine Breacaosta.

I measc na bhforbairtí suntasacha le linn 2022 bhí:

- Seachadadh fairsing oiliúna ar chomhlachtaí éagsúla chun tacú leo Seirbhísí Aoibháchúla a sheachadadh lena n-áirítear oiliúint i gCumarsáid Aoibhách, Leabharlanna Aoibháchúla, Gnó Aoibhách agus Tithíocht Aoibháchúil agus an Ríocht Phoiblí. Cuirtear an oiliúint dheireanach ar fáil mar mhodúl um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach [FGL] atá creidiúnaithe ag Innealtóirí Éireann agus Institiúid Ríoga Ailtirí Éireann.
- Seoladh doiciméad oidhreachta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mBán na Feirme i mí an Mhárta 2022 a rinne doiciméadú ar raon tionscnamh sláinte agus folláine a seachadadh do dhaoine scothaosta le linn na paindéime agus a rinne moltaí maidir le tosaíochtaí chun tionscnaimh a chothú bunaithe ar aiseolas ó dhaoine scothaosta.
- Stádas Aoibhách á bronnadh ar Staid Pháirc an Chrócaigh agus ar aitheantas na hEagraíochta Domhanda Sláinte do Pháirc an Chrócaigh mar an chéad Staid Aoibháchúil ar domhan.
- Stádas Aoibháchúil á mbronnadh ag an am céanna ar dhá aerfort Éireannach (na Sionainne agus Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire) tar éis próisis fhairsing ag na haerfoirt chun a n-áiseanna a fhorbairt mar fhorbairtí Aoibháchúla. D'admhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte freisin go bhfuil siad ar an gcéad Aerfort Aoibháchúil ar dhomhan.
- Seoladh Ionad Cúraim Phríomhúil Bhaile Átha Í i gContae Chill Dara mar cheann de na chéad PCCanna Aoibháchúla in Éirinn a chríochnaigh próiseas ceithre chéim an EDS d'aitheantas aoibháchúil.
- Ócáid aitheantais do Stáisiún Traenach MacDonnacha i gContae Chill Chainnigh chun aitheantas a thabhairt dó mar an Chéad Stáisiún Aoibhách in Éirinn.
- Aitheantas a Thacaíonn le Daoine Breacaosta do Beyond the Trees Avondale mar an chéad Ceann Scríbe Turasóireachta Aoibhách, tar éis clár oibre le Coillte agus Comhairle Contae Chill Mhantáin.

Foireann agus Struchtúir

In 2022, earcaíodh na róil forbartha réigiúnacha ar bhonn buan (tar éis treoirthréimhse). Bhí 28 ball foirne san iomlán sa tseirbhís chomhroinnte in 2022 lena n-áirítear bainistíocht, cumarsáid, riarachán, forbairt réigiúnach, taighde, agus an Clár um Thithe Sláintiúla a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Chomh maith leis an gcroífhoireann seirbhíse chomhroinnte, tacaíonn beirt Phríomhchomhairleoirí (do thraenáil Tithíocht & Ríocht Poiblí agus an Clár Gnó Aoibháchúil) leis an tseirbhís ar bhonn conartha.

Bainistíonn an tseirbhís chomhroinnte líonraí náisiúnta lena n-áirítear Líonra Náisiúnta na gComhairlí Daoine Scothaosta, Líonra Náisiúnta na mBainisteoirí Clár, Líonra Náisiúnta Chathaoirligh na gComhghuaillíochtaí, Líonra Náisiúnta na gComhairleoirí Teicniúla Tithíochta Aoibháchúla agus an Fóram NGO Aoibháchúil. Tháinig méadú ar bhallraíocht an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta i rith na bliana nuair a ainmníodh ionadaí ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Ar fud na tíre, sanntar 31 Bainisteoir Cláir Aoisbháúil agus 31 Comhairleoir Teicniúil um Thithíocht Aoisbháúil laistigh d'údarás áitiúla chun oibriú ar an gclár ina gceantair áitiúla.

Tá ról tábhachtach ag na bainisteoirí réigiúnacha maidir le tacú le forbairt clár áitiúil ina réigiún. In 2022, cheap siad clár oiliúna nua do chomhaltaí na Comhairle Daoine Scothaosta chun a chinntiú go bhfuil gach struchtúr ailínithe leis na treoirlínte oibríochtúla.

Coinbhinsiún Náisiúnta

Chuir Éire Aoisbháúil tús le sraith webinar idirnáisiúnta i mí na Samhna 2021, agus bhí ocht gcinn de théamaí ar siúl ag Coinbhinsiún Náisiúnta na gComhairlí Daoine Scothaosta i mBealtaine i mBaile Átha Troim, Contae na Mí, arna óstáil ag Clár Aoisbhách na Mí agus ag Comhairle Contae na Mí. Ba léiriú é seo ar fhilleadh ar na Comhairlí do Dhaoine Scothaosta a cuireadh ar fionraí le linn na paidéime, ar cuireadh fáilte roimhe. Reáchtáladh an coinbhinsiún náisiúnta roimhe seo i nDún na nGall in 2019. Ba é téama choinbhinsiún 2022 ná 'Maireachtáil go Slán, Bígí Slán' agus chuimsigh sé ceardlanna ar chothú, maireachtáil inbhuanaithe, gníomhú ar son na haeráide agus réimsí eile, chomh maith le cainteanna agus seastáin faisnéise ó chuideachtaí Teicneolaíochta Cúnta. Sheol an tAire Mary Butler na treoirlínte oibriúcháin athbhreithnithe do Chomhairlí Daoine Scothaosta ag an gcoinbhinsiún. Bhí ceann de na príomhtheachtairreachtaí ón gcoinbhinsiún curtha in iúl ag daoine scothaosta a chuir in iúl go raibh fonn láidir orthu dul in aois ina dtithe féin agus na tacaíochtaí riachtanacha a fháil chun é seo a éascú.

Torthaí an Chláir

Thuairiscigh cláir áitiúla na torthaí seo a leanas do 2022:

- Tá foirne idir-rannacha bunaithe ag 17 n-údarás áitiúla
- Chuir 14 chlár gléasanna digiteacha ar fáil do dhaoine scothaosta
- Reáchtáil 18 gclár gníomhaíochtaí idirghlúine i rith na bliana
- Rinneadh 22 iniúchadh insiúltachta in 2022
- Timpeall 70 Baile Aoisbhách (ag céimeanna éagsúla forbartha)
- 341 Spás páirceála aoisbháúil agus tuilleadh spásanna beartaithe

Dámhachtainí Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Bhí na Dámhachtainí Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála Aoisbhácha ar siúl an 27 Deireadh Fómhair i gCaisleán Dhrom Ólainn. Léiríonn na dámhachtainí seo raon leathan de thionscnaimh nuálacha a thacaíonn le daoine scothaosta agus a ullmhaíonn do shochaí atá ag dul in aois agus tugann na dámhachtainí aitheantas dó. Bhuaigh An Garda Síochána gradam speisialta na moltóirí mar aitheantas ar na tacaíochtaí a thug siad do dhaoine scothaosta le linn na héigeandála Covid.



Príomhfheidhmeannach Jackie Maguire, an tAire Peter Burke, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae an Chláir Pat Dowling, Maurice Harvey Cathaoirleach Chomhairle Daoine Scothaosta an Chláir agus an tAire Frank Feighan ag na Dámhachtainí Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála um Aoisbhá 2022 a reáchtáladh i gCaisleán Dhrom Ólainn, Co. an Chláir an 27 Deireadh Fómhair.



Ionadaithe Chomhairle Chontae Chill Mhantáin, Coillte, Éire Aoisbhách, EAK Ireland, Fáilte Éireann leis an Aire Mary Butler agus Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Mhantáin ag Searmanas Aitheantais Aoisbháúil do Beyond the Tress Avondale, an chéad Ceann Scríbe Turasóireachta Aoisbháúil in Éirinn.



Chuaigh Ambasadóirí um Éire Aoisbhách leis an Dochtúir Thiago Hérick de Sá, Timpeallachtaí Aoisbháúla, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Larry McCarthy, Uachtarán CLG, Kitty Hughes, Cathaoirleach Líonra Náisiúnta na gComhairlí Daoine Scothaosta, Catherine McGuigan, Príomhoifigeach Éire Aoisbhá, Pat Dowling, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chláir, Peter McKenna, Stiúrthóir Staidiam Pháirc an Chrócaigh ag Searmanas Aitheantais um Aoisbhá do Pháirc an Chrócaigh, an chéad Staid Aoisbhách in Éirinn. Ba é Marty Morrissey, Tráchtair Spóirt na hÉireann an MC ar an lá, san áireamh sa ghrianghraf freisin.

Cumarsáid

Foilsíonn Éire Aoisbhách nuachtlitir sheachtainiúil, le faisnéis a bhaineann le daoine scothaosta agus le foireann an chlár Aoisbhách. Tá dhá shuíomh gréasáin www.agefriendlyireland.ie agus www.agefriendlyhomes.ie á choimeád ag an tseirbhís roinnte agus bainistíonn sé ardáin éagsúla meán sóisialta chun dul i dteagmháil le daoine scothaosta agus le cleachtóirí agus le páirtithe leasmhara. Foilsíodh éagsúlacht acmhainní nua i rith na bliana lena n-áirítear treoirínte do Staidiam Aoisbháúil, Stáisiún Traenach Aoisbháúil, Aerfort Aoisbháúil, Ceann Scríbe Turasóireachta Aoisbháúil, an doiciméad oidhreachta Sláinte agus Folláine agus foireann uirlisí chun Straitéisí Aoisbhácha a fhorbairt.

Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

Tá Éire aitheanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte mar an chéad tír Aoisbháúil ar domhan, a bhfuil páirt iomlán glactha aici lena clár domhanda ar fud na réimsí riaracháin ar fad. Sa ról ceannais seo, cuireann an tseirbhís chomhroinnte tacaíocht ar fáil do thíortha eile atá ag forbairt clár aoisbháúla. In 2022, chuaigh an fhoireann i dteagmháil leis an tSualainn, Ceanada, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, agus an Astráil. D'oibrigh Éire Aoisbhách go dlúth leis an Ionad um Aosú agus Sláinte Inchinne i gCeanada chun sraith Hallaí Baile fíorúla a thabhairt chun críche le daoine scothaosta i gCeanada agus in Éirinn agus cuireadh i láthair iad ar chlár na hÉireann mar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Cónaidhme um Aosú i gCeanada.

Chomh maith leis sin, le linn 2022, chuir Éire Aoisbhách a sraith idirnáisiúnta de sheimineáir ghréasáin i gcrích, agus dhírigh na seimineáir ghréasáin eile ar chumarsáid agus faisnéis, rannpháirtíocht shóisialta, fostaíocht agus rannpháirtíocht shibhialta, meas agus cuimsiú sóisialta, spás lasmuigh agus foirgnimh, agus iompar. Craoladh na seimineáir ghréasáin go léir ón Ionad Ealaíne Solstice san Uaimh.

Taighde agus Beartas

Tá Oifigeach Taighde fostaithe i gcomhpháirt faoi shocrú comhpháirtíochta idir AFI agus Ollscoil Mhá Nuad. I rith 2022 bhí an Oifig Taighde páirteach i roinnt staidéar lena n-áirítear suirbhé chun caiteachas reatha agus caipitiúil ar sheirbhísí Aoisbháúla in údaráis áitiúla a dhoiciméadú. D'fhorbair sí sraith cás-staidéir ar Thithíocht Aoisbháúil le samplaí ó gach ceantar údaráis áitiúil. D'oibrigh AFI go dlúth le Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Coláiste na Tríonóide, Ospidéal Ollscoile Thamhlachta agus daoine eile chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag coinníollacha tithíochta ar sholáthar Cúraim Chomhtháite do dhaoine scothaosta. Cuireadh tús le taighde ar bhochtaineacht breosla i measc daoine scothaosta i réigiún Lár na Tíre.

Rinneadh aighneachtaí éagsúla chuig ranna rialtais chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt beartais, lena n-áirítear Tithíocht do Chách, an comhairliúchán le páirtithe leasmhara chun beartas um méid ceart a fhorbairt agus an grúpa comhairleach fórsa oibre straitéiseach maidir le cúram baile. Thacaigh AFI le taighde de chuid an EDS a mhapáil naisc idir chleamhnaithe domhanda.

8.2 Tithé Sláintiúla Aoisbháúla

Lean an Clár um Thithe Sláintiúla Aoisbháúla le seirbhís chomhordaithe tacaíochta AFI a sheachadadh le linn 2022 agus naonúr comhordaitheoirí áitiúla ag obair in údaráis áitiúla a íochta faoin gcéad chéim den chlár nua seo. Is seirbhís í seo atá maoinithe ag Sláintecare a bhfuil sé mar aidhm aici cabhrú le daoine scothaosta fanacht ina gcónaí sa bhaile níos faide. Déanann comhordaitheoirí measúnú ar thimpeallacht an bhaile ailínithe le ceithre phríomhréimse tacaíochta: tithíocht, tacaíochtaí pobail, riachtanais sláinte agus tacaíochtaí digiteacha. Tá Céim 1 den chlár á measúnú ag Ollscoil Mhá Nuad. Féachann an taighde le tuiscint a fháil ar bhuntáiste an chlár maidir le cáilíocht na beatha agus an cumas chun bainistíocht a dhéanamh sa bhaile.

Foilsíodh an tuarascáil eatramhach ar Chéim 1 i mí an Mheithimh 2022 agus léiríodh an cás amhail Márta 2022, rinneadh 1,175 atreorú don chlár; rinneadh 757 measúnú; agus cuireadh 2,162 tacaíocht ar fáil do dhaoine scothaosta.

Ag deireadh na bliana fógraíodh maoiniú mór de €5.2 milliún sa bhuiséad chun leanúint leis an gclár a chinntiú agus é a aistriú chuig Céim 2 ina mbeidh uasghrádú náisiúnta i gceist do gach limistéar údaráis áitiúil.

8.3 Gnó Aoisbhách

Tá an Clár Aitheantais do Ghnó Aoisbhách ar cheann de phríomhréimsí oibre na seirbhíse comhroinnte. Tá an clár seo dírithe ar bhreisoiliúint a chur ar an bpobal gnó chun a gcuid seirbhíse a chinntiú don daonra atá ag dul in aois. Spreagtar gnólachtaí dul i gcomhairle lena gcustaiméirí níos sine agus gealltanais a thabhairt d'athruithe a dhéanamh sa ghnó lena chinntiú go bhfuil sé Aoisbhách. Le linn 2022, dhírigh an Príomhchomhairleoir ar thacú le Bainisteoirí Cláir áitiúla chun an clár a sheachadadh agus ghlac sé cur chuige réigiúnach lena chinntiú go nglacfar leis i ngach réimse. Ar an leibhéal náisiúnta, d'oibrigh sí le gnólachtaí agus seirbhísí ar scála mór lena n-áirítear an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid agus d'oibrigh sí leis an tionscal fógraíochta chun feasacht a ardú ar dhul in aois i léiriú daoine scothaosta san fhógraíocht.

8.4 Tionscnaimh Chruthaitheacha Réigiúnacha

I rith na bliana chuir Éire Aoisbhách sé cinn de thionscnaimh chruthaitheacha shainiúla réigiúnacha ar fáil do dhaoine scothaosta le maoiniú ón gClár Éire Ildánach. Comhdhearadh gach tionscnamh le daoine scothaosta bunaithe ar sheisiúin chomhairliúcháin a eagraíodh go luath in 2022 agus a seachadadh le tacaíocht ó chomhpháirtithe cruthaitheacha. Chomhordaigh bainisteoirí clár réigiúnacha Aoisbhá Éireann na sé tionscnaimh ina réigiúin faoi seach:

- Ó THUAIDH** Ceardlanna filíochta agus tuí agus pasáiste nua-aimseartha ag fiosrú na staire agus an chultúir a bhaineann le Naomh Bríd mar ullmhúchán don lá saoire bainc nua Lá Fhéile Bríde. (47 duine scothaosta)
- AN IARTHAR** Seisiún Taistil de sheisiúin cheoil agus amhránaíochta faoi stiúir ceoltóirí profisiúnta inar tugadh páirt do sheanáirí dul i mbun amhránaíochta agus iniúchadh seanfhocal. (215 rannpháirtí)
- AN OIRDHEISCEART** Freagairt chruthaitheach ar áit, ag fiosrú braistint muintearas daoine scothaosta agus eispéiris dá bpobal abhann agus cósta. (87 rannpháirtí)
- AN OIRTHEAR** Sraith imeachtaí cruthaitheacha ar mhórscála faoin aer a bhain le páirceanna poiblí/oidhreacht inar cuireadh cláir blaiseadh ar fáil de ghníomhaíocht chruthaitheach. (560 rannpháirtí)
- CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH** Tionscnamh um oiliúint a chur ar oiliúnóir rince céilí inar tugadh scileanna breise do dhaoine scothaosta maidir le rince céilí oiriúnaithe a d'fheidhmigh mar 'cheannairí rince' ina gceantar áitiúil féin chun na scileanna seo a chur ar aghaidh. (30 rannpháirtí)
- LÁR NA TÍRE** Cónaitheacht teagaisc ceoil thar raon uirlisí a bhí dírithe ar dhaoine scothaosta nach raibh ag seinm a thuilleadh agus ar mhian leo filleadh ar sheinm uirlisí. (62 rannpháirtí)

Léiríodh le meastóireacht na dtionscnamh go raibh tionchar acu ar shláinte agus folláine na rannpháirtithe, lena n-áirítear gníomhaíocht fhisiciúil mhéadaithe (33%), naisc shóisialta méadaithe (85%) agus mothúcháin sástachta níos mó (58%) agus níos mó muiníne acu (62%).

8.5 Comhpháirtíochtaí

Oibríonn Éire Aoibhách go dlúth le comhpháirtithe ar nós Néaltrú FSS: Feachtas ‘Understand Together’, Safeguarding Ireland, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí stáit iolracha. Reáchtáladh imeacht líonraithe le grúpaí eagraíochtaí neamhrialtasacha i mí Mheán Fómhair, ag cruthú naisc idir Cláir Aoibhála agus eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta a oibríonn in earnáil an aosaithe. Bhí seisiún líonraithe ar siúl le FSS CHO 1 i mBealtaine 2022 chun críocha caidrimh a thógáil agus chun deiseanna comhoibrithe a fhiosrú trí Chláir Aoibhála áitiúla sa réigiún. Lean AFI den obair leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide [CAROs] chun oiliúint bhreise a fhorbairt do dhaoine scothaosta.

Seirbhísí Leabharlainne

9.1 An tSeirbhís Leabharlainne – Éachtaí 2022

Chomh maith le hiasachtaí poiblí lárnacha, seirbhísí tagartha, TF, staidéir, staidéir áitiúil, agus scoileanna rinne an fhoireann leabharlainne an méid seo a leanas a sheachadadh ar fud an líonra brainse freisin.

- Maoiniú faighte ó Dheontais Chaipitil DRCD chun áis ‘Mo Leabharlann Oscailte’ a fhorbairt i gCill Dhéagláin.
- Cuireadh dearadh Leabharlann agus Ionad Cultúir nua Bhaile Átha Troim chun cinn.
- Cuireadh dearadh Leabharlann agus Áis Phobail Bhaile an Bhiataigh chun cinn.
- Cuireadh dearadh fhoirgneamh nua Chartlann an Chontae chun cinn.
- Maoiniú faighte faoi Mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin 2022 chun tionscadail a fhorbairt ar chultúr an Lucht Siúil agus ar fheasacht LGBTQI. Fuarthas maoiniú freisin do threalamh Céadfach breise agus feistiú do leabharlann an tSeanchaisleáin.
- Maoiniú ilbhliantúil faighte chun tionscnaimh faoi stiúir na leabharlainne a sheachadadh faoin gclár Comhtháthaithe Náisiúnta. Fuarthas maoiniú le tacaíocht ón Roinn Pobail.
- Maoiniú faighte ón gclár náisiúnta Éire Shláintiúil chun limistéir Léitheoireachta Shláintiúla ainmnithe a chur ar fáil i roinnt brainsí.
- Maoiniú faighte ón gComhairle Oidhreachta chun sainscanóir leabhar a cheannach do chartlann an chontae.
- Maoiniú faighte ón GBRÁ le haghaidh digitiú tráinse píolótaí de **Leabhair Mhiontuairiscí Chomhairle Contae na Mí** a bhaineann le deich mbliana na gcéadta bliain.
- Maoiniú faighte ó Éire Ildánach do chaomhnú na **Muilte Olann Clayton**, An Uaimh, bailiúchán cartlainne.
- Cuireadh i bhfeidhm an tionscnamh maoinithe ‘**Bréagán, Teicneolaíocht agus Oiliúint**’ in 2021.
- Tugadh isteach an chéad **Scéim iasachta backpack STEAM** in Éirinn.
- Tugadh tacaíocht don fhoireann agus don phobal san ascnamh go *Spidus* córas nua bainistíochta TF na leabharlainne náisiúnta.
- Seachadadh plean bliantúil 2022 le haghaidh **Éire Ildánach** i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta, áitiúla agus pobail. Seachadadh Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae na Mí 2023-27 i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha.
- Leanadh leis an gclár an-rathúil faoi stiúir na leabharlainne **Scríbhneoir Cónaithe** le cónaitheacht Manchán Magan, le tacaíocht ó Éire Ildánach.
- Clár imeachtaí bliantúil **Cruinniú na nÓg** ceaptha agus seachadta ag Leabharlann Chill Dhéagláin i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta, áitiúla agus pobail.
- Deich mbliana na gCéad Bliain – ‘*Unsettled Territory*’ foilsithe i gcomhpháirtíocht le Cumann Seandálaíochta & Staire na Mí.
- Foilsíodh ‘*Curraghtown: July 2022*’ chun ár dtuiscint ar imeachtaí le linn an Chogaidh Chathartha sa Mhí a chur chun cinn.



Sa phictiúr tá na daoine a bhí ag freastal ar sheoladh 'Curraghtown: July 1922' ar chomóradh céad bliain Chath Bhaile an Churraigh.



*An Comhairleoir Nick Killian, Cathaoirleach, Comhairle Contae na Mí, agus an Comhairleoir Edward Fennesy, Méara Cheantar Bardasach na hUaimhe le Jackie Maguire, Príomhfheidhmeannach, i bPáirc na hAbhann Duibhe ag seoladh an 'Scéal Trail'
/Tionscnamh Cláir Scéil do leanaí agus do theaghlaigh óga i bPáirc na hAbhann Duibhe, An Uaimh.*

- Bainistiú a dhéanamh ar sheachadadh an chláir bhliantúil 'Deich mBliana na gCéad Bliain' tríd an bhfoireann cultúir níos leithne.
- Arna urrú trí dheontas de leabharlanna pearsanta staraithe iomráiteacha na Mí, an tAthar Gerry Rice, agus an tOllamh George Eogan.
- Réimse imeachtaí a sheachadadh faoi **Éire Shláintiúil @Do Leabharlann** tionscnamh agus thacaigh sé le cláreagrú Chomhordaitheoir Éire Shláintiúil an údaráis áitiúil.
- Seachadadh an fhéile bhliantúil '**Féile Leabhar na bPáistí**' i bhformáid hibrídeach i mí Dheireadh Fómhair in 2022, ag cur fáilte roimh scoileanna ar ais chuig na brainsí ach ag ligean rochtain freisin ar údair náisiúnta agus idirnáisiúnta trí Zoom agus imeachtaí réamhthairfeadta.
- Ghlac 1,917 leanbh páirt sa chlár bliantúil **Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh** agus leis an **gClár**

Samhraidh an-bheoga, fógraíodh filleadh gnáthphatrúin iasachta tar éis na paidéime.

- Seachadadh tionscnamh '**Mála Leabhar Beag na Leabharlainne**' do gach leanbh idir 4 agus 5 bliana d'aois sa chontae.
- Mar chuid de thionscnamh '**Mála Leabhar Beag na Leabharlainne**', d'fhostaigh an tseirbhís **Scribhneoir Cónaithe**, d'earnáil na **Luathbhlianta**, Tatyana Feeney.
- Stoc leabhar cómhaoinithe agus soláthar seilfeanna do **Leabharlann Phobail in Ionad Cóiríochta Mhaigh Muirí** tríd an gCiste Comhtháthaithe Náisiúnta agus an clár um Cheart chun Léamh atá maoinithe ag an leabharlann.
- Seoladh an tionscnamh píolótach '**Scéal Trail**' /**Cláir scéalta** do leanaí agus do theaghlaigh óga i bPáirc na hAbhann Duibhe mar chuid den chlár um Cheart chun Léamh. Is é 'Socks for Mr. Wolf' le Tatyana Feeney agus arna fhoilsiú ag O'Brien Press an scéal faoi lánseol agus déanfar é a 'leanúint' i lúb trasna Pháirc na hAbhann Duibhe.
- Seachadadh cláir áitiúla don fheachtas **Ireland Reads**.
- Seachadadh spríodhírithé d'acmhainní **Disléicse** díreach chuig bunscoileanna i gcomhpháirtíocht leis an Rannóg Phobail.
- Tugadh tacaíocht do **phobal na hÚcráine** trí ábhar i dteanga na hÚcráine agus na Rúise a thabhairt isteach i gcóip chrua agus i bhformáid bhoga. Fuarthas maoiniú DAF chun rochtain a thabhairt isteach agus a leathnú ar na príomh-acmhainní litearthachta **TTRS agus LOTE** (Teangacha seachas Béarla), atá ar fáil anois ar líne tríd an tseirbhís leabharlainne.
- Seachadadh cláir le haghaidh '**Seachtain na hEolaíochta**'.
- Seachadadh cláir **Sheachtain na Gaeilge** agus tugadh isteach **Scéimeanna Scoláireachtaí Gaeltachta** arís i gcomhar leis an Oifigeach Gaeilge.
- Ceiliúradh **Oíche Chultúir** le raon leathan gníomhaíochtaí i leabharlann Dhún Seachlainn.
- Leanadh den obair ar **litearthacht sna meáin** leis an taispeántas amuigh faoin aer The Glass Room Misinformation ag Mol Pobail & Fiontair an Bhóthair Bhuí, laistigh i Leabharlann na hUaimhe agus ar líne.



Reáchtáladh searmanas iompú fód chun tús na n-oibreacha ar Leabharlann agus Foirgneamh Pobail Bhaile an Bhiataigh a chomóradh faoi cheannas an Aire Stáit sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail, Thomas Byrne TD agus le tacaíocht ó Chathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, an Comhairleoir Nick Killian, Cathaoirleach CB an Inse/Baile an Bhiataigh, an Comhairleoir Wayne Harding, agus an Príomhfheidhmeannach, Jackie Maguire.

Oifig Ealaíon

10.1 Forbhreathnú

Is é ráiteas misin Chomhairle Contae na Mí de réir an Phlean Forbartha Ealaíon Contae 2019 – 2024 ná:

Oibriú go dlúth le healaíontóirí, le daoine aonair agus le pobail chun rochtain, feasacht agus rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú thar gach disciplín agus earnálacha den tsochaí. Feidhmiú mar éascaitheoir d'eagraíochtaí ealaíon agus ról mór a imirt i bhforbairt dea-chleachtais don chontae. Deiseanna a chur ar fáil trasna disciplíní a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le beartas an Údarás Áitiúil tacú le hiarracht ealaíonta ar

ardchaighdeán, deiseanna fostaíochta a sholáthar d'ealaíontóirí agus inbhuanaitheacht agus marthanacht fhadtéarmach do na healaíona sa chontae.

Agus príomhaidhmeanna agus cuspóirí á gcur i bhfeidhm de réir Phlean Forbartha Ealaíon an Chontae, leanann an Oifig Ealaíon ag oiriúnú agus ag freagairt do na cúinsí a chuireann Covid 19 i láthair. Ghlac sí cur chuige réamhghníomhach maidir le clár Ealaíon 2022 a athshamlú agus chuaigh sí i dteagmháil le comhpháirtithe cruthaitheacha, ealaíontóirí, grúpaí, eagraíochtaí agus an pobal cruthaitheach níos leithne. Chuaigh sí i dteagmháil freisin le Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, an Chomhairle Ealaíon agus Éire Ildánach i bhforbairt Téarnaimh Covid.

10.2 Éachtaí in 2022

Leanadh ar aghaidh leis na dúshláin a tháinig chun cinn de bharr covid, agus leanadh leis an téarnamh in 2022. Bhí an Líonra Bualadh le Chéile d'Ealaíontóirí na Mí (MAMU), a bhfuil ballraíocht de 100 ealaíontóir gairmiúil ina ballraíocht anois, ina bhealach fíor-luachmhar dúinn chun teagmháil a dhéanamh le healaíontóirí agus páirt a ghlacadh leo agus eolas a fháil uathu maidir lena gcuid saincheistanna agus riachtanais. Agus é seo a úsáid mar bhonn eolais rinneamar an méid seo a leanas:

- Leanadh le meantóireacht 1-1 agus malartuithe FGL a sholáthar ar an bhfón nó ar Zoom.
- Eisíodh Nuachtlitir ráithiúil MAMU le nuashonruithe míosúla maidir le deiseanna.
- Leathnú ar an Ealaíontóir Comhlach agus ar choimisiúin bheaga/i gclár forbartha.
- Méadaíodh nádúr agus raon na nDámhachtainí Ealaíon agus Sparánachtaí
- Seachadadh Dámhachtain Cónaitheachta Chomhpháirtíocht um Centre Cultural Irlandais
- Glacadh páirt in Platform 31, tionscnamh comhoibríoch náisiúnta idir an Chomhairle Ealaíon agus Cumann Oifigeach Ealaíon na nÚdarás Áitiúil a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le healaíontóir amháin ó gach údarás áitiúil i bhforbairt a gcleachtas ealaíne trí mhaoiniú agus líonra gairmiúil a sholáthar.

Tacaíodh le breis agus 100 grúpa ealaíon, eagraíocht pobail, scoil agus ealaíontóir faoi Scéimeanna Dámhachtainí & Sparánachtaí Ealaíon 2022.

Tugadh isteach sraith eile tacaíochtaí coimisiúnaithe agus léirithe d'ealaíontóirí (beo & taifeadta) freisin leis an gcuspoir tacú le healaíontóirí i gcruthú agus i gcur i láthair saothair agus leanúint ar aghaidh ag dul i dteagmháil lenár bpobail chruthaitheacha agus lenár lucht féachana. Ina measc bhí:

- Clár taispeántais Gailearaí Toradh 1 & 2
- An Glaoch Deireanach - sraith ceoil agus scannáin
- Sraith scannán All Rise

Leathnaíodh Oíche Chultúir sa Mhí agus tugadh isteach sruth maoinithe nua don Oíche Chultúir. Reáchtáladh dhá imeacht dhéag go pearsanta in áiteanna éagsúla ar fud an chontae. Comhlánaíodh iad seo

le clár ar líne a léirigh Tionscadal Ealaíon pobail na Mí 'Dresser' le Michael Fortune ó Folklore.ie agus a bhfuil 30,000 radharc faighte aige go dtí seo.



Colmille Illuminations, Ceanannas

Cur chun feidhme Scéim Chláraithe Beo Feidhmíochta Áitiúil DTCAGSM sa Mhí

Agus é ag déanamh ionadaíochta ar infheistíocht shuntasach san earnáil thaibhiúcháin agus léiriúcháin gairmiúla ealaíon sa Mhí agus ag tacú léi, bhí LLPPS 3 & 4 in ann 200 ealaíontóir, cruthaitheach agus criú léiriúcháin a fhostú a chuir 700 lá fostaíochta ar fáil don earnáil. Faoin scéim seo seachadadh na nithe seo a leanas.

- An Old Song Half Remembered – Teach Pháirc Dhún Doire le Brian Murray & Mathew Malone.
- Sraith ceoil unplugged Café Bookmarket
- Táirgeadh Fishamble de Outrage le Deirdre Kinahan
- Last Call – ceolchoirm beo, sraith scannán agus taispeántas amharcealaíon.
- Meath Beo 1 & 2
- Imeacht Hinterland Percy French
- Kila
- ealaíontóirí na Mí ar stáitse @ Féile Another Love Story
- Ceolchoirm Deich mBlíana na gCuimhneachán Michael Brunnock
- Imeacht ceoil Songs from a Room agus an scannán Courthouse, Ceanannas
- In the Middle of The Fields – imeacht ceoil agus amharclainne Teach Pháirc Dhún Doire
- Celtic Circus ag an bhFéile Púca
- All Rise 2 le Damien Dempsey agus le healaíontóirí áitiúla na Mí.


Bhí sé mar aidhm ag na tionscnaimh thuasluaite go léir bealach a chur ar fáil chun tacú leis na healaíontóirí agus na daoine cruthaitheacha sin i ngeilleagair chultúrtha téarnamh covid, agus rochtain níos fearr a sholáthar don phobal níos leithne ar eispéiris chruthaitheacha agus chultúrtha ardchaighdeáin. Íocadh táille leis na healaíontóirí go léir faoi na tionscnaimh thuas as a gcuid oibre nó as cearta craolta.



Bernadette Nic Gabhann & Brenda Castles ag casadh ar 'Meath Arts Stage in the Woods'.

Comhfhorbairt Áite Chruthaitheach Ceanannais

- Ceanannas roghnaithe mar cheann den 8 gclár píolótach náisiúnta um Gheilleagair Chruthaitheacha de chuid Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán le tacaíocht maoinithe ar leith á chur ar fáil ag Éire Ildánach i dtreo gníomhaíochtaí forbartha.
- Tugadh cuireadh d'Oifigigh Ealaíon agus Oidhreachta cur i láthair a dhéanamh ar Chomhfhorbairt Áite Chruthaitheach Ceanannais ag an gcomhdháil Places Matter de chuid na Comhairle Ealaíon, Ceatharlach Márta 2022
- Bhí an Fhéile Hinterland ar siúl i mí an Mheithimh agus reáchtáladh imeachtaí ar fud na n-ionad éagsúil.
- Bhí Féile Type Trail ar siúl idir mhí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair ag taispeáint saothar 30 ealaíontóir thar 21 láithreán inmheánach agus sheachtrach.
- Siompóisiam Fhéile Bia na Samhna le roinnt imeachtaí tacaíthe ag an Oifig Ealaíon agus á óstáil ag Teach na Cúirte, Ceanannas.



Ealaíontóirí ó Chomhfhorbairt Áite Chruthaitheach Ceanannais sa ghrianghraf ag taibhiú ag Féile na Samhna

Tae agus Comhráite agus Foinn***Cónaitheoirí Tithe Altranais i gContae na Mí agus a dTeaghlaigh sa Bhaile nó Thar Lear a Nascadh***

Leanadh le **Tae, Comhráite agus Foinn** ar aghaidh in 2022 mar chomhpháirtíocht tionscadail idir Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Mí agus Ceol & Sláinte Éireann, le tacaíocht ó mhaoiniú ó Chomhairle Contae na Mí agus Éire Ildánach agus arna seachadadh trí chomhpháirtithe cúram sláinte i gContae na Mí.

Forbraíodh **Tae, Comhráite agus Foinn** mar fhreagra ar an ngá atá le bealaí nua a aimsiú chun roinnt de na baill is leochailí dár bpobail atá á n-aonrú i dTithe Altranais a nascadh lena dteaghlaigh sa bhaile nó thar lear trí dheis a bheith acu gabháil le heispéireas beo cultúrtha ar bhealach sábháilte.

Trí thacaíocht na teicneolaíochta, tacaíonn seomra súmáil fíorúil le teaghlaigh chun ceangal a dhéanamh lena ngaolta ar bhealach brí, beag beann ar an áit a bhfuil siad suite. Roinneadh ceol, comhrá agus cuimhní agus ag an am céanna tugadh deis do chinn nua a chruthú trí chreat saindeartha a thacaíonn le rannpháirtíocht ceoil atá dírithe ar an duine.

Ba é Music & Health Ireland a chuir an tionscadal seo ar fáil i dtithe altranais ar fud an chontae.

10.3 Cláir Phobail Leanáí agus Daoine Óga

- Leanadh ar aghaidh le comhpháirtíocht forbartha straitéisí le hIonad Ealaíon an Droichid a measann a Dhoiciméad Straitéise le déanaí go bhfuil Oirthear na Mí mar chuid dá ndobharcheantar. I measc na dtionscadal bhí Féile Leabh, clár Back in The Grove & Féile Ealaíon ‘Clós’ Choláiste na hInse. Chuir sé ar chumas freisin tuilleadh oibre agus taighde a dhéanamh maidir le bunú téatar óige ag an ionad soláthair díreach i Maigh Muirí.
- Leanann **Amharclann Óige Act Out** de bheith faoi bhláth agus a leathnú faoi shainstíurthóir Anthony Kinahan agus tá meascán spreagúil de thionscadail ar líne agus pearsanta curtha ar fáil aige.
- **Cruinniú na nÓg 2022** Seachadta i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Leabharlainne an Chontae.
- **MAO/ Clasaicí na bPáistí** coimisiúnú ar ‘chasadh amhráin’ spraoiúil scannánaithe do leanáí níos óige. Áiríodh orthu seo taifeadtaí Gaeilge, ISL agus fotheideal.
- **Music Generation na Mí** Idirchaidreamh leanúnach le Music Generation na Mí a leanann ag dul ó neart go neart.
- **Tionscadal scannán gan chlárú** ar aghaidh i gcomhpháirtíocht le White Cane Audio Theatre, Ionad Ealaíne Solstice & NCBI na hUaimhe.
